Cuimsionn sainchúram an PRTB (faoi láthair) an Earnáil Phriobháideach ar Cíos amháin, nó thart ar 308,750 teaghlaigh. Áfach, ní bheadh ar gach ceann de na tionóntachtaí siúd clárú, mar shampla, scéimeanna "Seomra ar Cíos".

Tá sé ina thábhacht níos mó anois ná mar a bhí riamh go ndéantar an earnáil phriobháideach ar cíos a rialú go héifeachtach.

## Acmhainní a Laghdú:

Annon ó Dheontas Státhiste €5.7 milliún in 2007, táimid anois go hiomlán féinmhaoinitheach. Táimid ag oibriú i dtreo laghdú 53% ar ár bhfoireann (anuas go dtí 33 ball foirne) faoi dheireadh 2013, i gcomhréir leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta. Tá Bord an PRTB buartha faoi chumas an Bhoird chun a sainchúram a chomhlíonadh i bhfíanaise an chiorraithe seo, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an méadú 25% ar an éileamh méadaithe ar sheirbhísí Díospóide ó bhí 2008 ann, agus méadú 600% ar iarratais forfheidhmithe sa tréimhse chéanna.

## An PRTB a Nuachóiriú:

In 2011, lean an PRTB ag oibriú ar líon tionscnaimh nuachóirithe lena chinntíú go mbeidh an eagraíocht slán amach anseo. Táimid siorairdeallach ar an ngá lena chinntíú go n-uasmhéadaíonn an PRTB táirgíúlacht na n-acmhainní ar a bhfuil fáil againn. Chuige sin, d'oirbhrigh an PRTB ar na tionscnaimh a leanas, a seoladh in 2012.

- ▶ Mórthionscadal TFC, an Córas Bainistíochta Tionóntachta (TMS). D'eascair iarratais ar Dhíospóidí agus ar Bhinsi ar líne as seo, mar aon le cásbhainistíocht leictreonach comhad, leithdháileadh leictreonach comhad ar Bhréithneoirí timpeall na tíre trí Tháirseach shlán.
- ▶ Clár píolótach Comhsheirbhísí leis na Coimisinéirí Ioncaim Is éard a d'eascair as seo go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim breis agus 1,000 comhad cáis a scanadh don PRTB.
- ▶ D'eisigh an PRTB tairiscint thábhachtach do Sheachfhoinsíú Clárúchán agus fheidhmeanna an Ionaid Ghlaonna. Fógraíodh an tairiscint i dtosach i Nollaig 2011 agus, i ndiaidh próiseas Iomaíoch Plé soláthair, tá sé beartaithe chun conradh a bhronnadh i Lúnasa 2012.

## Reachtaíocht Leasaithe:

Baineann ríthábhacht le hathbhreithniú agus simpliú an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, chun éifeachtúlachtaí breise oirbíochtúla a chruthú mar aon le próisis immheánacha a chuichóiriú. Ar an gcumha chéanna, is mian le mo chomhghleacaithe Boird agus liom féin bearnaí sa reachtaíocht a lionadh a ligean do mhionlach tionóntaí chun Riaráistí a bhailíú dóibh féin mar aon le mionlach Tiarnaí Talún chun Éarlaisí tionóntaí a choimeád gan údar a thabhairt leis. Tá an Bord ag oibriú go dlúth leis an Roinn chuige sin. Áirítear leis seo mórfhíosa taighde ar bhunú Scéim Cosanta Éarlaise in Éirinn, a thabharfar chun concólúide i bhFómhair 2012.

## Forfheidhmiú:

Le linn 2011, chuaigh an PRTB sa tóir ar bhrefis agus 15,000 tiarna talún neamhchláraithe. Leanamar ar aghaidh le 14 chiontú choiriúla a dhéanamh i leith tiarnaí talún ar theip orthu a dtionóntachtaí a chlárú i ndiaidh na fógraí a fháil. Anuas ar an gciontú, sheol an Chúirt fineálacha chucu idir €500 agus €4,000 agus mura n-iocann siad na fineálacha, gearrfar idir 5 agus 90 lá sa phríosún orthu, agus lorgaíonn an PRTB a gcuid costas, ar féidir leo bheith ionann agus €4,000.

Agus aird ar neamhchomhlíonadh le hOrduithe Cinnidh, ba cheart a thabhairt faoi deara gur faoi pháirtithe atá sé a n-imeachtaí féin forfheidhmiú a ghlacadh. Níl dualgas dlíthiúil ar an PRTB forfheidhmiú a dhéanamh. Déanann an PRTB forfheidhmiú, faoi chuínsí áirithe. In 2011, fuair an PRTB 54 breithiúnas i leith páirtithe neamhchomhlíontacha agus baineadh 25 comhaontú socraithe breise amach. Ina theannta sin, lorgaíonn an PRTB a gcostais dhlíthiúla, agus bionn ar pháirtithe iad seo a ioc, sa mhullach ar théarmaí an ordaithe. Is gnách go gcláraítear breithiúnais a fhaightear sa Chúirt mar fhiachas i leith páirtí neamhchomhlíontach. D'fhéadfadh na breithiúnais seo iarmhairí dáiríre bheith acu do rátáil chreidmheasa, ionchais fostáiochta agus taistil an duine

sin amach anseo agus féadtar an méid sin a fhoilsiú in irisí áirithe trádála. Is faoin mBord atá sé chun seirbhísí an tsirriam a iarraidh chun an t-airgead atá dlite a aisghabháil.

Rinne an Bord athbhreithniú sonrach go leor ar ár mbeartas forfheidhmiúthe sa ráithe dheiridh de 2011, agus rinne siad breis acmhainní a leithdháileadh don limistéar seo. Chruthaigh seo tairbhí in 2012, agus rinneadh 147 cás a atreorú chuig ár nAturnaetha chun leanúint ar aghaidh le hionchúisimh sa chéad ráithe de 2012 amháin. Cé nach bhfuil na hacmhainní ag an PRTB chun forfheidhmiú a dhéanamh i ngach cás, saincheist thromchúiseach is ea neamhchomhlíonadh le hOrdú Cinnidh dóibh siúd a dhéantar a ionchúiseamh.

## Aitheantas:

Ba mhian liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe uile ar Bhord an PRTB. Ba mhian liom fáilte a chur roimh Tricia Sheehy Skeffington, Tim Ryan agus Paula O'Reilly chuig an mBord agus chun buíochas a ghlacadh le Aidan Brennan as ucht a oibre le linn a théarma. Tá focal ar leith buíochais agus dea-chomhghairdeas tuillte ag an Seanadóir Aideen Hayden, a d'éirigh as an mBord i mBealtaine.

Ar deireadh, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le foireann an PRTB as ucht a n-oibre leanúnaí le linn na bliana.

## Orla Coyne

An Cathaoirleach

## Achoimre Fheidhmeach 2011 an Stiúrthóra



Amhail a lua an Cathaoirleach ina ráiteas, dhírig an PRTB in 2011 ar roinnt tionscadail mhórscála nuachóirithe a chur chun cinn. Is é an déchuspóir chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chliaint agus chun an PRTB a ullmhú le haghaidh laghduithe foirne breis agus 50%. Le linn 2011, chaith an fhoireann go leor dá gcuid ama le dearadh, tástáil agus tabhairt isteach gnéithe deiridh an Chórais Bainistíochta Tionóntachta a cuireadh beo ar an líne in Aibreán 2012. Féadfaidh an PRTB a thairiscint do chliaint anois sraith iomlán de sheirbhísí ar líne, idir Clárú agus Breithiúnas/Idirghabháil agus Binsí. I dtaoibh éifeachtúláchtai inmheánacha, baineann seo 1.2 milliún earra poist/páipéir den chóras trí scanadh, bainistíocht leictreonach cásanna agus rochtain iargúltá trí thairseacha slána. Cuireann sé feabhas ar rianú, iniúchóireacht agus áiseanna tuairiscithe bainistíochta. Ina theannta sin, thugamar líon Tionscadail Chomhsheirbhísí chun críche le tacaíocht agus le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim, an NTMA agus an LGMA. Tá fáil ar bheiris faisnéise ar ár dtionscadal TFC ar leathanach 41. In 2011, chomh maith, thug an PRTB faoi staidéar ar sheachfhoinsíú agus ina leith sin, d'eisiomar mórrhairiscint i Nollaig, a bronmadh ar deireadh ar South Western i gCloch na Coillte. Rachaimid beo ar an líne ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh. Cé go raibh tionchar ag gach ceann de na tionscadail seo ar am agus ar mhéideanna próiseála sa dara cuid de 2011, is dealraitheach dúinn cheana féin in 2012 na tairbhí a chruthaigh seo.

Fuaireamar 2,060 iarratas ar Brehethiúnas/Idirghabháil in 2011 mar aon le 306 achomharc chuig an mBinse. Lean Coinneáil Éarlaise bheith ar an gcatagóir ba mhó de Dhiospóidí (39% de na cásanna) agus bhí treocht mhéadaitheach le sonrú ag Riaráistí Cíosa, arb ionann seo anois agus 32% de chásanna. B'ionann an t-am próiseála díospóidí laistigh den ghrúpa agus 10/12 mhí le haghaidh Breithiúnas/Idirghabhála agus ghlac dishealbhú/riaráistí cíosa agus ró-shealbhú nó iompar tromchúiseach frithshóisialta 5 mhí. Léiríonn seo meath ar 2010, inar ghlac sé 2 mhí, mar gheall go raibh leath den fhoireann Díospóide ag oibriú ar TMS don dara cuid den bhliain. Áfach, tá súil againn chun an t-am próiseála a laghdú go suntasach in 2012. Tá fáil ar bheiris faisnéise ar sheirbhísí Réiteach Díospóidí ó leathanach 21.

Chláraigh an PRTB 99,914 tionóntacht nua in 2012, agus tá ann anois 260,144 tionóntacht chláraithe (a léiríonn 182,800 Tiarna Talún agus 554,567 tionóntha). Caithimid roinnt mhaith acmhainní chun Tiarnaí Talún neamhchláraithe a bhrath agus a ionchúiseamh. Cabhraíonn ceann amhán de na tionscadail TFC a thugamar chun críche in 2011 ár mBunachar Sonrai a chur i gcomparáid le Comhlachtaí eile den Earnáil Phoiblí, ar nós an Bhunachair Shonrai Forlionadh Cíosa ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air ain, eisíodh Fógraí Forfheidhmithe do 10,900 Tiarna Talún agus d'éirigh linn Ciontuithe Coiriúla a dhéanamh i leith 14 thiarna talún ar theip orthu clárú, in ainneoin na bhfógraí seo. Chuir an PRTB a mbunachar sonrai ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim agus don NPPR chun cabhrú le comhlionadh níos fairsinge cánach agus le saincheisteanna braite calaoise.

Sholáthraíomar ár mbunachar sonraí d'Údarás Áitiúla chun cabhrú le himscrúduithe Caighdeáin Íosta, agus d'iocamar €4.6 milliún in 2011 ónár dtáillí cláraithe chun a n-obair sa limistéar seo a chistiú.

Fuaireamar 584 iarratas chun Orduithe Cinnidh a fhorfheidhmiú agus d'éirigh linn 12 chiontú agus baineadh amach 65 réiteach le cabhair ón bhfoireann. Thug an bord faoi athbhreithniú bunúsach ar bheartais forfheidhmithe, agus, mar thoradh air sin, rinneadh 147 cás a atreorú chuig na Cúirteanna sa chéad leath de 2012.

Láimhseáil an PRTB 78,000 fiosrúchán gutháin in 2011 ar gach gné dár ngnó. Bhain an chuid ba mhó diobh siúd le Díospóidí féideartha agus le fiosrúcháin ghinearálta faoin Acht, agus tá sé ar intinn, dá bharr sin, uasghrádú mór a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin faoi dheireadh 2012 chun cabhrú leis na glaoiteoirí siúd ar bhealach nach gcaitheann an oiread céanna acmhainní.

D'han an PRTB go hiomlán féinmhaoinitheach in 2011, don dara bliain as a chéile. Ó dheontas €5.7 milliún Státhiste is ea seo, a fuarthas in 2007. Ina theannta sin, chuireamar 20% dár n-ioncam táillí ioncaim ar leataobh le haghaidh imscrúduithe íosta an Údarás Áitiúil. Laghdaíomar ár líon foirne ó 70 go dtí 50, faoi mar a cheanglaítear faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta.

Is mian liom, mar fhocal scoir, buiochas a ghlacadh le foireann agus le lucht bainistíochta sinsearaí an PRTB as ucht a dtréanoibre, tiomantais agus solúbthachta le linn na bliana. Amhail is léir ó na staitisticí sa tuarscáil seo, d'éirigh leis an bhfoireann dul i ngleic le hualach deacair agus casta oibre, tar éis laghdú nach mór 29% a dhéanamh ar leibhéal foirne ach fós féin, d'éirigh leo líon tionscadal an-tábhachtach nuachóirithe a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba mhian liom buiochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach, Orla Coyne agus le Baill an Bhoird as ucht a dtreorach agus a dtacaíochta taithíche. Ar deireadh, ba mhian liom buiochas a ghlacadh le Foireann Rannóg Tithíochta an DECLG, a bhfuil sár-chaidreamh oibre eadrainn in ainneoin na mbearta an-dúshlánach nach mór dúinn beirt a chur i bhfeidhm.

#### **Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

An PRTB

## Comhaltaí Boird an PRTB



Orla Coyne  
Áturnae (Cathaoirleach)



Gene Feighery  
Comhshaolaí



Vincent P. Martin  
Abhcóide sa Dlí




Finian Matthews  
Státseirbhiseach ar Scor



Thomas J Reilly  
Gairmí Réadmhaoine



Dr. Eoin O'Sullivan  
Léachtóir i mBeartas  
Sóisialta, Coláiste na  
Tríonóide, Baile Átha Cliath



John Tiernan  
Iar-Bainisteoir Contae



Conn Murray  
Bainisteoir Contae



Joseph Meehan  
Státseirbhiseach, an Roinn  
Comuirce Sóisialai

► Aidan Brennan

*Státseirbhiseach, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil  
(arna éiri as an mBord i bhFeabhra 2012)*

► Aideen Hayden

*Áturnae (arna ceapadh sa Seanad i mBealtaine 2011)*

# An Bord agus a Struchtúir Rialachais

## Baill an Bhoird

Ceapann an tAire Baill an Bhoird, mar dhaoine ag a bhfuil taithí i limistéar saineolais a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird (Alt 153 den Acht). Tá an PRTB tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choimeád i gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlacthaí Stáit. D'ullmhaigh an Bord Cód Iompair Ghnó dá mBaill den Bhord, Stiúrthóir agus Foireann agus dá mBreithneoirí agus dá nIdirghabhálaithe. Ina theannta sin, d'ullmhaigh siad Straitéisí Corparáideacha 3 bliana agus Pleananna Blantúla Gnó.

Chas an Bord ar a chéile 45 uair le linn 2011, chun déileáil le hábhair lenar bhain Beartas agus Diospóidí. Sa mhullach air sin, b'ann do 22 cruinniú de 6 choiste an Bhoird. In 2011, iocadh táillí €256,443 ar an iomlán le baill an Bhoird faoi asbhaint cáin ÍMAT, as ar iocadh €105,185 maidir le freastal ar chruinnithe an bhoird (Coistí Beartas, Diospóidí) agus €153,918 le haghaidh oibre lenar bhain Binsí. Chun teacht ar mhiondealú ar Tháillí Binse le haghaidh Bhaill an Bhoird agus Baill Neamhbhoird DRC, féach Mír na mBinsí (leathanach 32).

Ina theannta sin, iocadh €17,024 le baill an bhoird as costais taistil agus chothabhabhála a tabhaíodh agus iad ag freastal ar chruinnithe agus ar Bhinsí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

B'ionann na táillí infiochta in 2011 le haghaidh dualgas lenar bhain an Bord agus iad seo a leanas:

Gníomhaíocht	Táillí le héifeacht ón 1 Bealtaine 2009 i leith
Cruinnithe an Bhoird/Cruinnithe Coiste/Oiliúint	€196
Cruinnithe an Bhoird/Cruinnithe Coiste/Oiliúint - an Cathaoirleach	€217
Cruinnithe Diospóide	€348
Cruinnithe Diospóide/an Cathaoirleach	€543
Binsí	€387
Binsí/an Cathaoirleach	€603

### Freastal Bhaill an Bhoird agus Luach Saothair Bhaill an Bhoird 2011

Leagtar amach thíos freastal Bhaill an Bhoird ar chruinnithe ar a ranpháirtíocht in obair eile lenar bhain an Bord i rith 2011, mar aon leis na táillí a fuarthas uathu don tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011.

BALL AN BHOIRD	LÍON NA GCRUINNITHE AR AR FREASTALAÍODH IN 2011			Táillí a Fuarthas
	Beartas an Bhoird	Díospóidí Boird	Coistí agus Oiliúint	
Orla Coyne	12	28	13	€23,379.00
Aidan Brennan**	11	1	8	0
Gene Feighery	11	30	4	€13,530.00
Aideen Hayden	6	8	6	€5,568.00
Vincent P. Martin	11	25	2	€12,140.00
Finian Matthews	12	25	5	€13,488.00
Joseph Meehan**	9	0	6	0
Conn Murray**	6	4	3	0
An tOllamh Comhlach Eoin O'Sullivan	9	11	6	€196.00
Thomas J Reilly	12	31	14	€17,056.00
John Tiernan	12	28	11	€17,168.00
<b>Líon Iomlán na gCruinnithe</b>	<b>13</b>	<b>32</b>		<b>€102,525.00</b>

Is olfhigiúirí na figiúirí thusas agus tá siad incháinthe go hiomlán.

\*\* Níor iocadh táillí leis na baill seo den bhord de bharr gur státseirbhísigh lánaimseartha phoiblí iad.  
(iocadh táille €196 leis an Dr. Eoin O'Sullivan as ucht a ranpháirtíochta ag seimineár oiliúna)

# Rialachas an PRTB: Gníomhaíocht agus Ballraíocht na gCoistí

I gcomhréir le hAilt 157 den Acht um Thionótachtaí Cónaithe, 2004, bhunaigh an Bord líon coistí chun cabhrú le comhlíonadh a bhfreagrachtaí:

- 1. Coiste Réiteach Díospóidí**
- 2. Coiste Oideachais, Feasachta agus Taighde**
- 3. Coiste Iníúchta**
- 4. Coiste Airgeadais**
- 5. Coiste Reachtúil**
- 6. Coiste Alt 189**

## 1. Coiste Réiteach Díospóidí

Orla Coyne (Cathaoirleach)	
Aidan Brennan	Vincent P Martin
Jim Bridgeman	Finian Matthews
Anne Colley	Fintan McNamara
Charles Corcoran	Ciaran McNamara
Gus Cummins	(go dtí Meitheamh 2010)
Keara Donnelly	Mary Morris
Tom Dunne	Henry Murdoch
John C. Elliott	Liam Nolan
Michael Farry	Liam O'Donnell
Gene Feighery	Cian Ó Lionáin
Geraldine Feeney	Dr. Eoin O'Sullivan
Paul Good	Dervla Quinn
Aideen Hayden	An tOllamh Bairbre Redmond
Mary Heaslip	Thomas J. Reilly
Bill Holohan	Pat Riney
Nesta Kelly	Tony Taaffe
John Lynch	John Tiernan

Beirtear an chumhacht faoi Alt 159 den Acht um Thionótachtaí Cónaithe, 2004, ar Bhord an PRTB

chun Coiste Réiteach Díospóide a bhunú agus chun feidhmeanna a tharmhigeann agus baill a cheapadh ar an gcoiste sin. Is iad Coiste Réiteach Díospóidí (DRC) an PRTB an painéal óna dtarraingítear baill na mBinsí Tionótachta de thriúr daone. Mar gheall nach féidir Cinntí Binse a achomharc ach ar phointe dlí leis an Ard-Chúirt, tugann baill an DRC faoi fheidhm thábhachtach shamhailbhreithiúnaigh. Déanann an Binse, tar éis éisteacht a chur i gcrích cinneadh agus cuireann siad an Bord ar an eolas faoin gcinneadh sin, de bhun Alt 108(1) den Acht.

Ina dhiaidh sin, déanann an Bord, i gcomhréir le hAilt 121 den Acht, Ordú Cinnidh atá ina cheanglas dlíthiúil, a eisíonn siad, i dteannta Thuairisc an Bhinse, chuig na páirtithe lena mbaineann. Bhí 179 Binse den saghas sin ar bun le linn 2011. Bhí a gcruiinní bliantúil ag an gCoiste Réiteach Díospóidí an 6 Nollaig 2011.

## 2. Coiste Oideachais, Feasachta agus Taighde

Dr. Eoin O'Sullivan (Cathaoirleach)	
Orla Coyne	Aideen Hayden
Tom Dunne	Thomas J Reilly
Gene Feighery	Áine Ryall

Bhunaigh an Bord Coiste Taighde i Meitheamh 2005. Déanann an Coiste Taighde cinneadh faoi céin taighde is gá don Bhord tabhairt faoi, agus, le faomhadh an Bhoird, socruithe a dhéanamh chun tabhairt faoin taighde sin. In 2006, d'ionráil an tIonad Taighde Tithíochta, atá anois mar chuid den Ghníomhaireacht Tithíochta agus Pobal Inmharthana, i socru comhpháirtíochta leis an PRB agus déanann siad bainistíocht ar líon tionscadail

leanúnacha taighde ar son an PRTB. In 2011, thug an Bord faoi thaighde ar chónascadh na hEarnála Sóisialta agus Deonaí isteach sa PRTB agus isteach i cibé acu ar cheart nó nár cheart gnéithe d'obair an PRTB a sheachfhoinsiú.

I Mártá 2009, mar aitheantas ar an ngá le feasacht níos fearr phoiblí a chur chun cinn, bhunaigh an Bord Coiste Oideachais agus Feasachta agus ina dhiaidh sin, in Aibreán 2009, rinne an Bord an Coiste Oideachais agus Feasachta a chónascadh leis an gCoiste Taighde. Ar an iomlán, chas an Coiste Oideachais, Feasachta agus Taighde ar a chéile cúig huaire in 2011.

Ina theannta sin, bhí an Coiste Oideachais, Feasachta agus Taighde ina n-óstáigh ar líon cruinnithe le príomhpháirtithe leasmhara, ar nós an IPOA, IAVI, IPAV, IrishLandlord.com, Homeslocators, Threshold, Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus an tSeirbhís Bhuiséadta agus Comhairle Airgid (MABS) le linn na bliana.

### 3. Coiste Iniúchta

Noel O'Connell (Cathaoirleach)	
Dermot Byrne	Cian Ó Lionáin
Firian Matthews	Dr. Eoin O'Sullivan

Tá cúigear ball sa Choiste Iniúchta, baill den Bhord beirt acu agus baill sheachtracha iad triúr acu den PRTB. Tá cuntasóir cáilithe, an tUasal Noel O'Connell, ina chathaoirleach ar an gCoiste. Chas an Coiste Iniúchta ar a chéile 3 huaire in 2011.

Is í feidhm an Choiste Iniúchta chun comhairle agus moltaí a dhéanamh don Bhord agus don Bhainistíocht Shinsearach, ar aon ábhar lena mbaineann an fheidhm iniúchta inmheánaigh laistigh den PRTB amhail a mheasann an Coiste is gó nó is cuí.

Cabhraíonn an Coiste leis an mBord maidir lena bhfreagrachtaí aonair agus comhchoiteann dlíthiúla a chomhlíonadh, go príomha i limistéir mhaoiniú tuairiscithe agus rialithe. Sa mhullach air sin, déanann siad breithniú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil próisis i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí i gcomhréir le treoirínte agus pleannanna gnó eagraíochta. Rinneadh Plean Iniúchta Inmheánaigh 2010-2012 a chomhaontú, agus ón bplean sin, thug Crowley DFK, Cuntasóirí Cairte faoi na hathbhreithnithe a leanas le linn 2011;

- ▶ Iniúchadh Ioncaim
- ▶ Iniúchadh ar Rialachas Corparáideach - Tuarascáil Leantach
- ▶ Iniúchadh ar Bhainistíocht Buiséid
- ▶ Iniúchadh ar Bhaincéireacht Leictreonach agus ar Íocaíocht Seiceanna

### 4. Coiste Airgeadais

Orla Coyne (Cathaoirleach)	Thomas J. Reilly
Aidan Brennan	Conn Murray
John Tiernan	Joseph Meehan

Is í feidhm an Coiste Airgeadais cabhrú leis an mBord maidir lena bhfreagrachtaí aonair agus comhchoiteann dlíthiúla a chomhlíonadh, go príomha i limistéir mhaoiniú tuairiscithe agus rialithe. Déanann an Coiste breithniú ar airgeadas agus ar bheartais an Bhoird go sonrach; déanann siad athbhreithniú ar bhuiséid agus ar thuarascálacha míosúla (arna n-ullmhú ag Moore Stephens Nathans); tugann siad idir chomhairle agus mholadh don Bhord, Stiúrthóir agus don lucht bainistíocha sinsearach amhail is cuí, mar aon le breithniú a dhéanamh ar chuntais bhliantúla an Bhoird. Ina theannta sin, feidhmíonn an Coiste na feidhmeanna, freagrachtaí agus údaráis sin is féidir a shannadh nó a tharmligeán dóibh agus tuairiscíonn siad don Bhord ar gach ceann de na hábhair thusa. Thionól an coiste 9 n-uaire in 2011.

## 5. An Coiste Reachtaíochta

Aideen Hayden

(Cathaoirleach a fhad leis an 7 Nollaig 2011)

Finian Matthews

(Cathaoirleach ón 7 Nollaig 2011)

Orla Coyne

Cian Ó Lionáin

Anne Colley

Thomas J. Reilly

Vincent P. Martin

John Tiernan

Fochoiste is iad an Coiste Reachtaíochta den Bhord a bunaíodh faoi fhorálacha Alt 157 den RTA agus cuireann siad cúnamh agus comhairle ar fáil don Bhord ar oibríochtaí an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe. Thionól an Coiste 4 huaire in 2011.

## 6. Coiste Alt 189

Orla Coyne

Thomas J. Reilly

Finian Matthews

John Tiernan

Conn Murray

Déanann Alt 189 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe forálacha don Bhord chun iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda le haghaidh faoiseamh eatramhach nó idirbhreitheach sa chás go measann an Bord gur cui amhlaidh a dhéanamh (mar shampla, i gcásanna ionpair thromchúisigh nó dishealbhuithe dlíthiúla). Níor tionóladh an Coiste in 2011.

## Clárú Tionóntachta

*260,144 Thionóntachtaí ar an*

*Clár de chuid an BTCP ag deireadh 2011*

# Gníomhaíochtaí Cláraithe 2011

## Léargas achomair ar Gníomhaíochtaí Cláraithe 2011...

Líon Iomlán na dTionóntachtaí a cláraíodh	260,144
Líon na dtiarnaí talún	182,800
Líon na dtionónáití	554,567
Líon Iomlán na gcomhaontuithe nua tionóntachta a cláraíodh in 2011	99,914
Meánlíon na n-iarratas nua a fuarthas in aghaidh an lae	400
Líon na nglaonna gutháin a d'fhreagair an Fhoireann Chláraithe in 2011 (Tacaíocht ar líne, fiosrúcháin faoin Act etc)	34,864
Fógraí Forfheidhmithe arna n-eisiúint i leith tiarnaí talún neamhchláraithe	10,900
Ciontuithe Coiriúla i leith Tiarnaí Talún neamhchláraithe	14
Cistí a íocadh le hÚdarás Áitiúla chun tabhairt faoi imscrúduithe ar íoschaighdeáin	€4.6m

Faoi Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, ceanglaitear ar thiarnaí talún iarratas a dhéanamh ar an mBord chun tionóntachtaí a chlárú leis an PRTB laistigh de mhí amháin tar éis tú a chur leo. Cuirtear bac ar thiarnaí talún i dtionóntachtaí neamhchláraithe ó dhíospóid a atreorú chuig an PRTB. Ní dhéanann neamhchlárú difear do chearta tionónáití agus beidh rochtain ag tionónáití ar an tseirbhís réiteach díospóidí gan aird ar cibé acu an bhfuil an tionóntacht cláraithe nó nach bhfuil.

### Táillí Cláraithe Tionóntachtaí

I gcás tionóntachtaí lena gcuirtear túis an 1 Eanáir 2011 nó tráth dá éis sin

- ▶ **€90** in aghaidh na tionóntachta, a fhad agus go bhfaigheann an PRTB an t-iarratas chun clárú a dhéanamh laistigh de mhí amháin ó dhá tosaigh na tionóntachta. Beidh táille dhéanach

**€180** i gceist sa chás go bhfaigheann an PRTB iarratas chun clárú a dhéanamh breis agus mí amháin ó dháta tosaigh na tionóntachta.

- ▶ Maireann clárú fad na tionóntachta, faoi réir ceithre bliana ar a mhéid. Foráltear faoi Chuid 4 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, go gcuirfear túis le tionóntacht "Cuid 4 sa Bhreis" ar éag na gceithre bliana ó thús tionóntachta. Ciallaíonn seo nach mór tionóntachtaí a athchlárú nuair a mhair siad ceithre bliana.

- ▶ **€375** le haghaidh iltionóntachtaí (táille ilchodach) san fhoirgneamh céanna a chláráitear ag an tráth céanna ag an tiarna talún céanna laistigh de mhí amháin tar éis thosú an chéid tionóntachta.

- ▶ Níl aon táille le híoc nuair a dhéantar dhá íocaíocht maidir leis an tionóntacht chéanna leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha le 12 mhí anuas. Níl aon táille le híoc as nuashonrú sonrai tionóntachta atá cláraithe cheana féin.

## Seirbhísí Cláraithe Ar Líne arna Seoladh

Sheol an PRTB a seirbhís ar líne i Samhain 2010. Féadtar tionóntachtaí a chlárúanois laistigh de chúpla nóiméad ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Is ann do shraith ceisteanna coitianta agus leideanna áisiúla ar an láithreán gréasán chun lámh chúnta a thabhairt do thiarnaí talún agus do ghníomhairí lena dtionóntachtaí a chlárú ar líne leis an PRTB.

Lean an feachtas poibliocta a chur clárú ar líne chun cinn in 2011 agus rinneadh cor poist a eisiúint do bhrefis agus 8,500 gníomhaire i mBealtaine 2011. Faoi dheireadh na bliana, tháinig méadú 39% ar ghlacadh cláraithe ar líne agus leanfaidh an PRTB le húsáid na seirbhise seo a chur chun cinn agus tiarnaí talún a spreagadh chun leas a bhaint aisti.

## Forfheidhmiú Riachtanais Chláraithe agus Gníomhaíochta i leith Tiarnaí Talún neamhchláraithe

Téann an PRTB go gníomhach sa tóir ar thiarnaí talún de bharr neamhclárú. Má theipeann orthu tionóntachtaí a chlárú, d'fhéadfá iad a ionchúiseamh agus fineálacha a mhéid agus €4,000 a ghearradh orthu agus/nó príosúnacht sé mhí. Tugann baill foirne faoi fhaisméis a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialáí, na hÚdarás Áitiúla agus muintir an phobail. I gcomhréir le forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 iad na bearta faoina dtugann an PRTB, go háirithe, ailt 144 agus 145.

## 14 Thiarnaí Talún arna gciontú mar gheall gur theip orthu tionóntachtaí a chlárú

Tugadh isteach córais nua TFC go luath in 2011 le comparáidí bunachar sonrai a éascú le gníomhaireachtaí eile stáit agus le ranna eile chun tiarnaí talún neamhchláraithe a shainaithint ar mhaithé

le cuspóirí comhlíonta. Ina theannta sin, cabhraíonn bogearraí nua bainistíocht cáis chun cásanna atá á n-ionchúiseamh a bhainistiú.

Thug an PRTB faoi ghníomhaíocht ní ba dhéine i leith tiarnaí talún neamhchláraithe le cabhair ón gcóras nua agus le díriú ní ba mhó ar fhorfheidhmiú in 2011.

- ▶ Eisiódh 10,900 fógra forfheidhmithe agus
- ▶ Rinmeadh 14 chiontú choiriúla sa Chúirt Dúiche i leith tiarnaí talún ar theip orthu a dtionóntachtaí a chlárú leis an PRTB in ainneoin go bhfuair siad fógraí agus rabhaidh reachtúla inar iarradh orthu amhlaidh a dhéanamh. I ngach cás, ghearr an chúirt fineálacha agus bhí ar na tiarnaí talún ioc as na costais dhlíthiúla.

## An Rialtas agus an PRTB arna gCónascadh

Tá an PRTB tiomanta do Rialtas feabhsaithe cónasctha a bhaint amach. In 2011, rinneadh sonrai a mhalartú idir an PRTB agus comhlachtaí seachtracha éagsúla i gcomhréir leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (arna leasú) agus le reachtaiocht eile ábhartha. Áirítear leis seo an Roinn Coimirce Sóisialáí, na Coimisinéirí Ioncaim, na hÚdarás Áitiúla / LGMA (le haghaidh imscrúduithe tithíochta, an NPPR agus cuspóirí Táille Tíis).

## Gnéisíte lena mbaineann Clárú Tionóntachtaí atá ar fáil don Phobal

Tá ar an PRTB clár tionóntachtaí a choimeád i gcomhréir leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 agus chun bunachar sonrai cothrom le dáta a chur ar fáil agus a choimeád ar mhaithe le cuspóirí faisnéise, déanta beartas agus staitistiúla. Sliocht ó chlárú tionóntachtaí is ea an clár foilsithe agus tá ann sonrai ón bhfoirm chláraithe a sholáthraítear don tiarna talún nó don ghníomhaire. Cuireann an clár seoladh an áitribh ar cíos ar fáil; cur síos ar an áitreabh; an líon seomrái leapa agus spásanna leapa; mar aon le hachar an urláir.

Ní áirítear ar an gclár foilsithe aon fhaisnéis a bhféadfadh nochtadh aitheantas an tiarna talún nó an tionóna nó an chíosa atá le híoc eascairt ón gclár foilsithe.

### **Conas a sheiceálim an bhfuil réadmhaoin ar cíos cláraithe?**

Chun an clár a sheiceáil, logál ar láithreán gréasáin an PRTB ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Téigh chun an gClár Foilsithe agus cliceáil ar an gcontae cui agus cuardaigh faoi sheoladh an áitribh atá ar cíos. Tá fáil ar an gclár i bhformáid PDF agus Excel. Déantar an clár foilsithe a nuashonrú ar an láithreán gréasáin ar bhonn míosúil. Má tá tú eolach ar áitreabh ar cíos nach bhfuil cláraithe, féadfaidh tú é seo a thuairisciú don PRTB, ar bhonn fior-rúnda, ag [Enforcement@prtbe.ie](mailto:Enforcement@prtbe.ie)

### **Cistiú Údarás Áitiúil an PRTB chun Íoschaighdeáin a fhorfheidhmiú**

I gcomhréir le forálacha an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, cuirtear cistiú ar fáil do na hÚdarás Áitiúla chun freastal ar chostas imscrúduithe ar chóiríocht phríobháideach ar cíos. De bhun

treoracha sonracha íocaíochta de chuid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leithdháileadh an cúigiú cuid den ioncam ó tháillí cláraithe d'Údarás Áitiúla in 2011. Choimeád an PRTB an fíleach chun íoc as a gcostais féin oibríochta. Tá an t-airgead seo á choimeád ag an PRTB i gcáil mhuiníneach agus b'ionann an tsuim a íocadh amach chuiig údarás áitiúla in 2011 agus ordú arna fháil ón DoECLG agus €4.6 milliún, agus b'ionann an suim iomlán a d'íoc an PRTB amach chuiig Údarás Áitiúla idir 2004 agus 2011 agus €23,219,000 agus an suim thuas san áireamh.

Tá fáil ar bhabhsí faisnéise ar rátaí imscrúdaithe an Údarás Áitiúil agus ar na híoschaighdeáin nua i gCóiríocht Phríobháideach ar Cíos ar láithreán gréasáin an DoECLG: [www.environ.ie](http://www.environ.ie).

Tá fáil ar shonraí, freisin, ar chistí a fhorchúitítear do gach ceann de na húdarás áitiúla ar an nasc a leanas:



<http://www.environ.ie/en/Publications/DevelopmentandHousing/Housing/FileDownload,23156,en.xls>

# Gníomhaiochtaí Réiteach Díospóidí 2011

## Breithnithe/Idirghabháil Binsí

Déanann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha na Cúirteanna a ionadú i gcás thromlach na nDíospóidí idir Tiarnaí Talún agus Tionónáití. Bíonn éisteachtaí ar bun i 7 láthair réigiúnacha ar fud na tire. Ar táille mheasártha €25,

féadfaidh aon Tionóná agus aon Tiarna Talún cláraithe Díospóid a thabhairt a fhad leis an PRTB. Cuireann an PRTB Seirbhísí Breithnithe agus Idirghabhála ar fáil sa chéad ásc. Féadfaidh ceachtar páirtí an t-ábhar a achomharc le Binse triúir ar táille €100.

### Léargas achomair ar Sheirbhísí Réiteach Díospóidí an PRTB 2011

Iarratais ar Sheirbhísí Breithnithe agus Idirghabhála	2,060
Iarratais ar Bhinsí	306
Líon na nglaonna arna láimhseáil maidir le Díospóidí in 2011 (faisnéis ar chearta/fhreagrachtaí faoin Acht, cás a ghlacadh)	21,611
Faisnéis Ghinearálta ar an Acht	17,591
Seirbhísí ar líne, agus an córas bainistíochta cáis arna bhforbairt agus dtástáil	Beo in Aibreán 2012

### Córas Bainistíochta Tionónáití

Le linn 2011, bhí baint mhór ag baill foirne Réiteach Díospóidí le táistíl an Chórais nua Bainistíochta Tionónáití (TMS) idir cheardlanna deartha agus táistíl fréamhshamhla. Is rí-dheas linn a fhógaírt go ndeachaigh an córas nua beo in Aibreán 2012 agus cheana féin tá 30% dár n-iarratais á fháil againn ar líne.

A bhuiúchas le cur i bhfeidhm an chórais seo, déanfar ár bpróisis a chuichóiriú, agus é ina chuspóir éifeachtúlachtaí a chruthú as a mbainfidh na páirtithe cáis, na Breithneoirí/Idirghabhála/baill de Bhinsí a éisteann leis na cásanna, mar aon lenár bhfoireann tarbhe sa phróiseas réiteach diospóidí.

Déanann an córas nua soláthar do pháirtithe cáis agus do Bhreithneoirí/bhaill de Bhinsí chun idirghníomhú leis an PRTB trí thairseach nuafhorbartha. Beidh páirtithe cáis in ann iarratas ar dhíospóid agus ar achomharc a chur ar aghaidh níos éifeachtaí. Ina theannta sin, beidh siad in ann fianaise a uaslódáil, agus chun féachaint ar dhul chun cinn a gcomhaid chás go leictreonach.

## BREITHNITHE AGUS IDIRGHABHÁIL IN 2011 - Catagóirí agus Torthaí

Fuair an PRTB 2,060 iarratais ar Bhreithniú/Idirghabháil in 2011. B'ionann an miondealú geografach ar chásanna a fuarthas agus:

- ▶ Baile Átha Cliath ..... 1,091
- ▶ Tír ..... 969


De réir claint, b'ionann an miondealú agus:

- ▶ Tiarna Talún ..... 782
- ▶ Tionóna ..... 1,214
- ▶ Tríú Páirtí ..... 64

In 2011, ba iad na príomhchatagóirí díospóidí:

- ▶ Iarratais ar choirneáil éarlaise ag tionónáí (801 cás nó 39% de na hiarratais uile)
- ▶ Iarratais ar riaráistí cíosa ag tiarnaí talún (653 cás nó 32% de na hiarratais uile)

## Líon agus Céatadán na nIarratas Foriomlán de réir Saghas Díospóide



Catagóir Cás	Iarratasóiri Tiarna Talún Líon na gCásanna	Iarratasóiri Tionóna Líon na gCásanna
Iompar Frithshóisialta	11	9
Coinneáil Éarlaise	2	799
Díshealbhú Neamhdhleathach	—	79
Sárú Dualgais Tiarna Talún	—	44
Sárú Dualgais Tionóna	21	—
Bainteach le Riaráistí Cíosa (lena n-áirítear Riaráistí Cíosa agus Róshealbhú, Riaráistí Cíosa agus sárú dualgais Tionóna)	650	3
Róshealbhú	40	
Cíos Níos Airde ná Ráta an Mhargaidh		35
Caighdeán agus Cothabháil na hÁite Cónaithe	33	67
Bailíocht an Fhógra Foirceanta	25	178
<b>Iomlán na gCásanna</b>	<b>782</b>	<b>1214</b>


## TREOCHTAÍ AR CHINEÁL NA NIARRATAS AR DHÍOSPÓIDÍ

### Tá méadú 25% tagtha ar líon na gcásanna Díospóide ó bhí 2008 ann

Is é an limistéar is mó de mhéadú saincheist na **Riaráistí Cíosa**, ar ar thainig méadú go dtí 32% de líon na gcásanna nó 653 Díospóid anuraidh. Luaitear go soiléir in Alt 86 den Acht nach mór do thionónáí leanúint agus cíos a íoc, fiú nuair a bhíonn Díospóid ar bun le Tiarna Talún. D'fhéadfáí iocaíochtaí pionóis agus ionchúiseamh a ghearradh ar thionónáí a ligeann do riaráistí cíosa bailiú, agus déanfaidh an PRTB gach breithiúnas a chlárú, a dhéanfaidh difear do rátalachá creidmheasa agus fostáiocht nó ionchais taistil amach anseo.

Áfach, is í **Coinneáil Éarlaise** an tsaincheist singil is mó de Dhíospóid a láimhseálaí an PRTB. In 2011, bhain 39% de líon na gcásanna, nó 801 Díospóid le saincheist na Coinneála Éarlaise. Tá an tAcht an-soiléir go bhfuil Éarlais mar réadmhaoin de chuid an Tionóna nach féidir a choinneáil, faoi chuínsí áirithe, i.e. má tá cíos nó fóntais le híoc, má dhéantar diobháil don réadmhaoin (a sháraíonn gnáthchaithreamh agus cuimilt) nó murar tugadh an fógra cuí.

### Iarratais Díospóide: 2008 x 2011




Éisteadh le 457 cás lenar bhain coinneáil éarlaise le linn 2011. Is amhail a leanas a bhí torthaí na mBreithneoirí i nDíospóidí lenar bhain coinneáil éarlaise:

- ▶ I 99 cás, nó 22% de líon na gcinntí díospóid éarlaise, bhí an Tiarna Talún i dteideal an Éarlais ina hiomláine a choinneáil.
- ▶ I 151 cás, nó 33% de líon na gcinntí díospóid éarlaise, bhí an Tionóna i dteideal aisíocaiocht pháirteach a fháil.
- ▶ I 207 cás, nó 45% de líon na gcinntí díospóid éarlaise, bhí an Tionóna i dteideal aisíocaiocht iomlán na hÉarlaise a fháil.

Rinneadh breis damáistí a dhámhachtain i leith tiarnaí talún i 125 de na cásanna um choinneáil éarlaise lenar éist breithneoirí an PRTB in 2011.

### Cinntiúchán 2011 ar Dhíospóidí um Choinneáil Éarlaise



### Painéal 2011 Breithneoirí agus Idirghabhálaíthe an PRTB

Ceapadh Idirghabhálaíthe agus Breithneoirí an PRTB ar feadh téarma trí bliana i ndiaidh iomaíocht oscailte arna heagrú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i Nollaig 2010.

Íoctar buntáille €660 sa lá le Breithneoirí agus Idirghabhálaíthe chun éisteacht le 3 éisteacht nó chun 5 Mheasúnú Pháipéarbhunaíthe a dhéanamh. Shínigh na Breithneoirí agus na hIdirghabhálaíthe go léir Comhaontú Leibhéal na Seirbhise.

Kevin Baneham  
Angela Becker  
Deirdre Bignell

Colm Keating  
Paddy Keogh  
Michelle Kelleher

Daniela Bills-Everett	Cynthia Lennon
Frank Brady	Dairine MacFadden
Monica Brennan	Rachel McCrossan
Sarah Brophy	Catherine McGuigan
Eoin Byrne	Barry Mc Cormack
Helen Connaughton	Tracey McGee
John Conran	Roderick Maguire
David Duncan	Gerard Nicholas Murphy
James Egan	Jack Nicholas
Aisling Fair	Simon Noone
Niall Farrell	Helen-Claire O'Hanlon
Corona Grennan	Marissa O Keeffe
Cathy Hamilton	Suzy Quirke
Mervyn Hickey	Ciaran Smith
Healy Hynes	Emma Travers
John Keane	Brian Whelan
John Keaney	

agus bíonn a n-éisteachtaí ar bun ag an mBinse Tionóntachta go poiblí agus bíonn feidhmeanna garbhreithiúnacha acu. Foilsítear Tuarascálacha Binse ar láithreán gréasáin an PRTB, [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie)

### Forléargas ar Staitisticí Binse 2011

In 2011, fuarthas 306 achomharc leis an mBinse Tionóntachta; b'achomhairc 71 (23%) díobh seo ó chásanna Breithnithe Páipéarbhuainithe, bhí 229 (75%) i gceist ó chásanna Breithnithe ó Bhéil agus 6 (2%) ó Idirghabháil. Ina theannta sin, tugadh 14 achomharc anonn ó 2010. Ar an iomlán, cuireadh 320 achomharc faoi bhráid an Bhoird lena mbreithniú in 2011; deonaíodh 276 (86%) agus diúltáiodh 44 (14%). Dhiúltaiigh an Bord achomhairc de bharr go raibh siad déanach nó gur theip orthu an t-áille riachtanach a sheoladh ar aghaidh. Rinneadh 34 achomharc a astarraingt roimh an éisteacht. Tionóladh 179 Binse in 2011. Léiríonn seo laghdú 47% ar líon na n-éisteachtaí Binse ó 2010 go dtí 2011; tá sé seo de dheasca chur i bhfeidhm an chórais nua TMS agus laghdú ar líon na foirne. B'ann do mheántréimhse feithimh 3 mhí ón tráth a deonaíodh an t-achomharc go dtí dáta na héisteachta in 2011.

### BINSÍ TIONÓNTACHTA 2011

Déanfar díospóid a atreorú chuig Binse Tionóntachta (i) má dhéanann aon duine de na páirtithe achomharc ar chinneadh Breithneora laistigh de 21 lá, nó (ii) sa chás nach n-éiríonn le hIdirghabháil agus nach n-iarrann aon duine de na páirtithe ar atreorú chuig Binse Tionóntachta. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an PRTB díospóid a atreorú go díreach chuig an mBinse sa chás gur dealraitheach gurb ann do ghar-riosca díobhála don áit chónaithe nó díobhála do dhuine de na páirtithe.

Tá triúr daoine i ngach Binse Tionóntachta. Baill iad gach duine den triúr de Choiste Réiteach Díospoidí an Bhoird. Éisteacht úrnua is ea Binse le firicí an cháis nó, le toiliú an dá pháirtí, d'fhéadfadh sé bheith teoranta do shaincheist shonrach. Tá binsí níos foirmiúla ná éisteachtaí breithnithe ina n-iarrtar ar na páirtithe glacadh le mionn nó le dearbhú sula dtugann siad fianaise. Binn luathscríbhneoir i láthair

### Miondealú na gCásanna Binse lenar Éisteadh in 2011 de réir Pháirtí an Achromharcóra agus Láithreach


Ó thiarnaí talún a bhí 50% (90 cás) a tháinig os comhair Binse Tionóntachta in 2011, bhí 46% (83 cás) ag tionóntaí, 2% (3 chás) ag tríú páirtithe agus bhí 2% (3 chás) ina bhfrithachomhairc, a chiallaíonn gur sheol an dá pháirtí i gcás díospóide iarratas ar achomharc isteach.

Bhain 104 (58%) de na 179 Binse Tionóntachta in 2011 le ceantar Bhaile Átha Cliath, agus bhain 75 (42%) de na Binsí Tionóntachta leis an gcuid eile den tír.

## CÁSANNA BINSE IN 2011 - CATAGÓIRÍ AGUS TORTHAÍ

Tugtar sa chairt thíos miondealú ar na Binsí a tionóladh de réir shaghas na díospóide. Leanann coinneáil éarlaise bheith mar an gcatagóir is mó d'achomharc os comhair binse tionóntachta agus éisteadh le 74 (41%) cás den saghas díospóide seo in 2011. Ina theannta sin, is saghas coitianta díospóide riaráistí ciosa agus bhí siad ina gcúis le 40 (23%) de na 179 cás ar éisteadh leo.


### Cásanna Binse de réir Shaghas na Díospóide



Is soiléir ón gcairt gurb í coinneáil éarlaise an príomhshaghas díospóide a dhéantar a achomharc chuiig Binse Tionóntachta (sonraítear seo thíos), agus riaráistí ciosa ina dhiaidh sin.

D'fhan cásanna um choinneáil éarlaise mar an gcatagóir singil ba mhó achomhairc os comhair Binse Tionóntachta, a léiríonn 74 (41%) de na 179 éisteacht Bhinse in 2011. I 66 (89%) de na cásanna seo, rinne an Binse an cinneadh gur cheart tiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais iomlán a aisíoc lena dtionónaí. In 8 (11%) de na 74 cás um choinneáil éarlaise lenar éist binse, rinneadh an cinneadh go gcoinneodh an tiarna talún an éarlais ina hiomláine. Is gnách go n-iarann tionónaí go n-aisíoctar éarlaisí go pras chun tionóntacht eile a fháil agus d'fhéadfadh sé bheith ina údar neamháisiúlachta agus ualach airgeadais do Thionóna. Ceadaítear faoi Alt 115 den Acht do bhaill den Bhinse damáistí a dhámhachtain i leith tiarna talún a choimeádann an éarlais gan údar.


### Cinntí Binse ar Choinneáil Éarlaise



## CÁSANNA BINSE IN 2011 - DÁMHACHTAIN DAMÁISTÍ

Faoi mar a shonraítear sa chairt thíos, rinneadh damáistí a dhámhachtain i 42% de na cásanna a atreoraíodh chuig Binse Tionóntachta.


### % na gcásanna ina ndearnadh damáistí a dhámhachtain



### Damáistí le haghaidh coinneáil éarlaise agus sárú dualgais tiarna talún

As na cásanna a atreoraíodh chuig Binse, sa chás go ndearnadh damáistí a dhámhachtain, mar gheall ar na catagóirí um choinneáil éarlaise agus sárú dualgais a bhí 68% de na cásanna. Rinneadh damáistí idir €100 agus €1,200 a dhámhachtain i gcásanna um choinneáil éarlaise, agus idir €200 agus €5,000 a bhí na damáistí a rinneadh a dhámhachtain le haghaidh sárú dualgais tiarna talún.

### Miondealú na gcúiseanna le dámhachtain na ndamáistí




### Damáistí le haghaidh riaráistí cíosa

Amhail an chairt thusa, rinneadh 9% den dámhachtain fhioriomlán i gcásanna lenar bhain riaráistí cíosa. Idir €400 agus €20,000 a bhí dámhachtain damáistí i leith tionóntaí.


### Damáistí le haghaidh díshealbhú neamhdhleathach

Is é Díshealbhú Neamhdhleathach an 3ú catagóir is coitianta de shaghas díospóide éisteacht Bhinse, agus bhí sé ina údar le 18 (10%) de na 179 éisteacht bhinse in 2011. I dtromlach na gcásanna, rinneadh dámhachtainí le tionóntaí i leith an tiarna talún idir €2,000 agus €3,000, faoi mar a léirítear sa chairt thíos.

### Deonú le haghaidh Díshealbhú Neamhdhleathach



### Miondealú na gCásanna i datobh Luach Airgeadaíochta de réir an Ordaithe Cinnidh



### Dámhachtainí airgid do pháirtithe cáis de réir an Ordaithe Cinnidh


I dtromlach na nOrduithe Cinneadh Binse a rinne an Bord in 2011, níor sháraigh na suimeanna airgid a bhronn na Binsí €1,000. I 44 (25%) de na horduithe a rinneadh in 2011, rinneadh dámhachtainí idir €1,000 agus €2,000. In dhá Ordú Cinnidh ó Bhinse de shaghas na díospóide, riaráistí cíosa agus róshealbhú, b'ionann na torthaí i ndáil le cíosanna a bhí dlite i leith tionóntha agus €41,600 agus €60,000 faoi seach.

### Costais a rinneadh a dhámhachtain don PRTB

Tá sé de chumhacht ag an mBinse, de bhun Alt 115(2) (i) d'Acht 2004, a ordú go n-íocfaidh páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe as na costais nó as na caiteachais uile a thabhaíonn an Binse nó as cuid díobh. Áirítear le samplaí de Bhinsí inar féidir costais a dhámhachtain, i measc nithe eile, nuair nach ann d'aon chomhoibriú ag páirtí leis an díospóid, nó níos dóchúla ná sin, nuair a theipeann ar an achomharcóir/iarratasóir bheith i láthair gan fhógra

nó gan údar maith agus nár sholáthair sé/sí aighneacht i scribhinn dá c(h)ás achomhairc don Bhinse. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Binse a mheas gur tionóladh an éisteacht mar thoradh ar mhí-úsáid an phróisis réiteach diospóidí. In 10 (5%) de na 179 Binse Tionóntachta a tionóladh in 2011, rinneadh costais a dhámhachtain don PRTB mar ranníocaíocht i dtreo chostais an Bhinse. Idir €1,500 agus €5,000 a bhí na costais seo agus b'ionann iad agus €3,277.78 ar an meán. I dtromlach na gcásanna seo, níor fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht agus níor soláthraíodh údar maith mar gheall ar a neamhláithreacht. Áfach, b'ann do chásanna nár fhreastail an t-achomharcóir, a ngníomhaire nó a n-ionadaí ar an éisteacht, ach rinneadh costais a dhámhachtain don PRTB. Mar shampla, sa chás gur fhreastail achomharcóir an Binse Tionóntachta ach nach raibh aon eolas aige/aici faoin diospóid agus nár chuir siad aon fhianaise i láthair chun cabhrú leis an mbinse déileáil leis an iarratas ar achomharc.

### Dámhachtainí leis an PRTB




(in 5% de na cásanna, rinneadh costais a dhámhachtain i leith páirtí)

### Freastal ar an bPróiseas Réiteach Diospóidí agus cáipéisíocht tacaíochta a chur ar aghaidh

Léiríonn an chairt thíos nár fhreastail an tAchomharcóir ar an éisteacht bhreithnithe in 29% (42 as 146) de na héisteachtaí Binse Tionóntachta a bhí ar siúl in 2011.

### Freastal Pháirtí an Achromharcóra ag Éisteacht Bhreithnithe



Spreagtar páirtithe chun páirt a ghlacadh agus chun freastal ar éisteacht bhreithiúnais nó ar phróiseas idirghabhála. Ina theannta sin, bítear ag súil leis go n-ullmhaionn páirtithe don chás agus go gcuirfidh siad aon cháipéisíocht tacaíochta ar aghaidh maidir leis an diospóid. Éistfidh an Breithneoir nó an Binse leis an diospóid agus déanfaidh siad cinneadh bunaithe ar an bhfianaise a bheirtear dóibh. Toisc thábhachtach agus ullmhúchán á dhéanamh le haghaidh cáis iad fíricí na diospóide a eagrú ar ord

díreach agus cróineolaíoch, d'fhoinn an cás a chur i láthair ar bhealach soiléir agus intuigthe. Bheadh sé ina chúnamh don Bhinse dá ndéanfaí an cháipéisíocht a chuirtear ar aghaidh mar fhianaise a chatagóiriú go soiléir agus dá gceanglófaí nóta cumhdaigh ina leagtar amach ábhair na fianaise.

Déanfar gach aighneacht fianaise lena mbaineann an cás a chóipeáil trasna chuig an bpáirtí eile. Níor cheart cáipéisíocht nach mbaineann leis an tionóntacht atá faoi chaibidil a chur ar aghaidh.

**Ballraíocht den Bhinse,  
Rannpháirtíocht ar Bhinsi  
agus Táillí Arna nÍoc**

## Ballraíocht Den Bhinse, Rannpháirtíocht Ar Bhinsí Agus Táillí Arna níoc

Is éard atá i ngach Binse beirt bhall agus Cathaoirleach, a dhéanfar iad uile a tharraingt ó bhallraíocht an Choiste Réiteach Díospóidí.

Léirítear sa tábla thíos freastal Bhaill an Choiste Réiteach Díospóidí ag Binsí le linn 2011.

Ball	Cathaoirleach	Ball	Iomlán	Táillí Iomlána arna bhFáil
Aidan Brennan	0	2	2	0
Aideen Hayden	11	8	19	€ 19,935
Anne Colley	11	9	20	€ 18,126
Anne Leech	0	17	17	€ 8,901
Bairbre Redmond	5	7	12	€ 11,061
Bill Holohan *				€ 5,508
Charles Corcoran	3	11	14	€ 13,680
Cian O'Lionáin	0	2	2	€0
Ciara Doyle	3	11	14	€ 9,810
Claire Millrine	2	15	17	€ 9,765
Dervla Quinn	5	15	20	€ 18,675
Eoin O'Sullivan	14	4	18	€ 19,980
Finian Matthews	10	10	20	€ 22,518
Fintan McNamara	7	9	16	€ 16,056
Gene Feighery	8	9	17	€ 16,488
Geraldine Feeney	6	11	17	€ 17,127
Gus Cummins	5	12	17	€ 17,775
Henry Murdoch	9	9	18	€ 21,906
James Bridgeman	4	11	15	€ 13,383
John Lynch	4	12	16	€ 10,584
John Tiernan	11	5	16	€ 18,513
Keara Donnelly *				€ 4,734
Kieran Buckley	2	15	17	€ 9,720
Liam Nolan	2	13	15	€ 14,283
Liam O'Donnell *				€ 2,709
Louise Moloney	1	12	13	€ 7,740
Mary Doyle	1	16	17	€ 8,172
Mary H. Morris	0	9	9	€ 6,579
Mary Heaslip	3	12	15	€ 13,185
Maurice O'Donoghue	1	17	18	€ 12,474
Michael Farry	2	14	16	€ 12,519
Michael Irvine	4	16	20	€ 7,443
Nesta Kelly	6	17	23	€ 16,911
Orla Coyne	12	6	18	€ 22,734
Patrick Riney *				€ 2,754
Paul Good *				€ 1,980
Thomas J. Reilly	6	9	15	€ 15,453
Tom Dunne	9	6	15	€ 13,347
Tony Taffee *				€ 3,915
Vincent P. Martin	12	7	19	€ 18,297
<b>Iomlán</b>				<b>€ 484,740</b>

\* táillí arna n-íoc leis na Baill seo in 2011 de bharr freastail ar Bhinsí in 2010

# **Forfheidhmiú Orduithe Cinnidh an PRTB 2011**

## Forfheidhmiú PRTB Orduithe Cinnidh 2011

Leagtar amach freastal Bhaill an Choiste Réitigh Dhiospóide ag Binsí i rith 2011 ar leathanach 32, mar aon leis na táillí a fuarthas uathu le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011.

Is ionann na táillí iomlána sa tábla agus na táillí cruinne a íocadh in 2011 faoi asbhaint ÍMAT. Áiritear leis na híocaíochtaí seo gníomhaíochtaí na bliana seo caite agus ní airíonn siad tállí iníoctha ag deireadh na bliana. Léiríonn na tállí a luaitear i Ráitis Airgeadais 2011 tállí atá iníoctha nó a íocadh d'obair faoinar tugadh le linn na bliana.

Luaitear san Acht um Thionóntachtai Cónaithe, 2004 go bhféadfar mainneachtain chun cloí le hOrdú Cinnidh (OC) a dhéanann an PRTB a fhorfheidhmiú ag ionchúiseamh coiriúil nó imeachtaí sibhialta nó an dá rud. Impleachtaí tromchúiseacha iad seo do pháirtí nach gcloíonn le hOrdú an PRTB.

Ní féidir ach leis an PRTB tú a chur le **hionchúisimh choiriúla**, agus tugtar iad a fhad leis an gCúirt Dúiche. Féadfaidh na pionósí mar gheall ar Chiontú Coiriúil bheith tromchúiseach, agus féadfaidh fineáil a mhéid agus €4,000 agus/nó tréimhse phríosúnachta a fhad le sé mhí, móide fineáil bhreise €250 sa lá a ghearradh as ucht neamhchomhlíonadh leanúnach. Sa mhullach ar ionchúiseamh coiriúil, nuair is gá don pháirtí neamhchomhlíontach suim airgid a íoc, tá sé mar bheartas ag an PRTB Ordú Cúitimh a lorg a mhéid agus uasteorainn na Cúirte Dúiche (i.e. nach mór €6,350).

Ar an taobh eile den phingin, tugtar **imeachtaí sibhialta** os comhair na Cúirte Cuarda. Is faoi pháirtí i gcás atá sé chun dul i mbun imeachtaí sibhialta. Áfach, iarann go leor cliant ar an PRTB na hOrduithe Cinnidh a fhorfheidhmiú ar a son. Ina leith

seo, forálann Alt 124 den Acht go bhféadfaidh an PRTB nó páirtí eile (i.e. an pártí a lorgaíonn forfheidhmiú an Ordaithe Cinnidh) iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda ar Ordú a ordáonn an pártí neamhchomhlíontach chun Ordú Cinnidh an PRTB a chomhlíonadh.

I gceachtar saghas imeachta dhlíthiúil, tá sé mar bheartas an PRTB a lorg chun gach costas riarrachán agus dlíthiúil a thabhaítear a aisghabháil, agus is gnách, go ginearálta, go mbíonn na Cúirteanna ar son go mór aisghabháil costas.

Iarratais ar Fhorfheidhmiú Orduithe Cinnidh

2007	2008	2009	2010	2011
63	100	307	577	589

Faoi Acht, is ionann forfheidhmiú agus cumhacht dhiscréideach agus feidhmíonn an PRTB an chumhacht seo agus aird ar na cúinsí lena mbaineann gach cás agus i gcomhbhéacs an cháis dheacair airgeadais inar ghá dóibh feidhmiú, ar nós comhlachtaí eile den Earnáil Phoiblí. Is gníomhaireacht fhéinmhaoinitheach iad an PRTB agus ní mór dóibh oibriú laistigh dá mbuiséad.

Mar gheall gur bunaíodh an Bord chun cásanna a ghlacadh lasmuigh de na Cúirteanna, bionn siad ag iarraidh forfheidhmiú a bhaint amach i dtosach trí mheáin neamhbhreithiúnacha. Amhail a luaitear thuas, agus ar aon dul le comhlachtaí eile Breithiúnacha/Garbhreithiúnacha, níl aon dualgas dlíthiúil ar an PRTB forfheidhmiú a dhéanamh.

Déanann Baill an Bhoird cinntí faoi cibé acu an leanfaidh siad nó nach leanfaidh siad forfheidhmiú dlíthiúil ar bhonn cás ar chás, agus aird ar an rath dóchúil a bheidh orthu toradh fabhrach a bhaint

amach don té iarrtha; arb ionann toradh fabhrach go ndíscaoiltear an t-airgead nár íocadh go fóill. Is iad na critéir dá dtagraíonn Baill an Bhoird agus an cinneadh sin á dhéanamh acu:

- ▶ Saghas na Díospóide (i.e. coinneáil éarlaise, dishealbhú neamhdleathach, róshealbhú, riaráistí cíosa etc.)
- ▶ Iompar roimhe seo an tiarna talún/an tionóna (i.e. cointóirí athuaire)
- ▶ Cásanna lena mbaineann maitheas 'theicniúil' (i.e. nach ann d'aon saincheisteanna ar dócha go mbainfidh siad den chás i gCúirt)
- ▶ Uirill a dhéanann an PRTB don pháirtí neamhchomhlíontach agus don duine a lorgaíonn comhlíonadh
- ▶ Leathadh geografach
- ▶ Cás, i dtuairim an Bhoird, is ceart a fhorfheidhmiú mar gheall ar a fhíricí ar leith

Theastódh cistiú suntasach Státhiste mar gheall ar an gcostas a bheadh ar gach iarratas a thabhairt os comhair Cúirte. Áfach, sa chéad ráithe de 2012 amháin, rinne an PRTB 147 cás a atreorú go dtí ár gComhairleoirí Dlí, Eversheds, lena bhforfheidhmiú.

Féadfaidh imeachtaí dlíthiúla bheith fadálach agus costasach ach go dtí seo, bhí an-rath go deo ar an PRTB agus orduithe breithiúnais a bhaint amach ina gcuid imeachtaí. Agus an méid sin ráite, ní chinntíú ann féin é dul chun na Cúirte go mbainfear forfheidhmiú rathúil amach, agus sa mhullach air sin, cúiteamh airgeadais. Le linn na haimsire seo ina bhfuil go leor fiachas pearsanta ann, is ann doriosca nach beag nach n-íocfar an t-airgead dlite fiú i ndiaidh imeachtaí rathúla cúirte. In go leor cásanna, is í an rogha is fearr sceideal íocaíochtaí a chomhaontú.


Tugann an PRTB faoi shaincheist an neamhchomhlíonta le hOrduithe Cinnidh ar bhonn an-tromchúiseach agus rinne siad 300 cás idir 2010 agus an chéad ráithe de 2011 a atreorú chuirg a gcomhairleoirí dlí ar mhaithe le himeachtaí dlí. Tá go leor de na cásanna seo ag céimeanna éagsúla sa phróiseas agus baineadh amach breithiúnais agus/no réitigh.

## Iarratais Nua Forfheidhmithe arna bhFáil in 2011

Ar an iomlán, fuarthas 589 iarratas nua forfheidhmithe in 2011. Sháraigh an t-iomlán seo iomlán na bliana seo caite ag 28, ar méadú 5% é seo i mbliain amháin.

Sáraíonn an líon iarratas a fuarthas ó **thiarnaí talún (309)** iad siúd a fuarthas ó **Thionóntaí (268)** agus ní bhfuarthas ach 8 n-iarratas ó thríú páirtithe agus 4 iarratas inmheánacha ar airgead atá le híoc don PRTB mar thoradh ar pháirtithe a rinne a gcás a achomharc le Binse agus ansin gur theip orthu freastal ar an mBinse gan údar maith. Níorbh ionann seo agus an treocht i mblianta roimhe seo, inar sháraigh iarratais ag tionóntaí ar éarlaisí líon na n-iarratas ar riaráistí cíosa ag tiarnaí talún. Bheadh an dealramh air gurb iad riaráistí cíosa an tsaincheist atá ag dul i méid.

## Iarratais Nua Forfheidhmithe arna bhFáil in 2011 arna gcatagóiriú de réir Saghas Díospóide




Is léir ó na 309 iarratas ó thiarnaí talún gur bhain na príomhfhadhanna a bhí acu le riaráistí cíosa. Féadfar iarratais ó thiarnaí talún a mhiondealú ina saghas díospóide mar seo a leanas:

### Iarratais Forfheidhmithe nua a fuarthas in 2011 catagóirithe de réir Shaghas na Díospóide

Ó na 268 iarratas a fuarthas ó thionónaí, ba í coinneáil éarlaise an phríomhdheacracht. Féadfar iarratais ó thionónaí a mhiondealú ina saghas díospóide mar seo a leanas:

### Iarratais Forfheidhmithe Tionóna a fuarthas in 2011 de réir Shaghas na Díospóide



Fuarthas 8 n-iarratas ó thríú páirtithe. Baineann iad seo, go príomha le Tiarna Talún ar theip orthu dualgais tionónaí a fhorfheidhmiú.

### Cásanna Forfheidhmithe a tugadh annón go 2011 ó bhlianta roimhe seo

Sa mhullach ar na 589 iarratas nua forfheidhmithe a fuarthas in 2011, dhéileáil rannóg Forfheidhmithe an PRTB le 342 cás a bhí ar siúl go fóill ag deireadh 2010.

### Tortháí Rathúla

Baineadh amach comhlíonadh nó réiteach tar éis idirghabháil tosaigh ó Aonad Forfheidhmithe an PRTB gan gá bheith le himeachtaí dlíthiúla i 65 de na hiarratais iomlána a fuarthas in 2011.

Níorbh bhailí do 54 de na hiarratais (iarradh ar fhorfheidhmiú roimh éag na tréimhse comhlíonta) agus aistarraingíodh 10 n-iarratas/rinneadh an páirtí dul i mbun imeachtaí. Theastaigh breis gníomhaíochta ó na 460 iarratas eile.

### Tortháí Cúirte

Cheadaigh an Bord 81 cás le haghaidh gníomhaíocht forfheidhmithe in 2011, 61 le haghaidh gníomhaíocht shibhialta sa Chúirt Chuarda agus 20 le haghaidh imeachtaí coiriúla sa Chúirt Dúiche.

Ar an iomlán, baineadh amach 54 Ordú Cúirte in 2011, 42 Ordú sa Chúirt Chuarda agus 12 Ordú sa Chúirt Dúiche.

### Orduithe na Cúirte Dúiche

D'éirigh leo 12 chiontú a dhéanamh in 2011. Gearradh fineálacha i dtromlach na gcásanna a bhí idir €800 agus €1,500 ar a mhéid. Íocadh costais, ina theannta sin, i bhfabhar an PRTB a bhí idir €1,475 agus €1,723.

### Orduithe na Cúirte Cuarda

I nach mór gach Ordú Cúirt Chuarda, rinneadh ordú costas, ar a mbeadh cáin le gearradh mainneachtain comhaontaithe, a dhámhachtain. Theastaigh seirbhísí an tSirriam in 4 chás chun seilbh fholamh a aisghabháil agus rinneadh go leor eile a scaradh ar fógra go raibh an Sirriam páirteach.

### Breithiúnais a Chlárú

Chuir an PRTB túis le breithiúnais a chlárú in 2011. Foilsítear na breithiúnais seo in Irisí Trádála a d'fhéadfadh difear ollmhór a dhéanamh do rátáil chreidmheasa duine. In 2011, cláraíodh 11 bhreithiúnas den chineál sin agus tá níos mó ar bun go fóill. Tá sé mar bheartas ag an PRTB, i gcás gach cás neamhchomhlíonta amach anseo, chun na breithiúnais a fhaightear a chlárú sa chás go dtí eipeann ar an bpáirtí an fiachas a ghlanadh.

# **An Straitéis Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**

## Faisnéise agus Cumarsáide Straitéis Teicneolaíocht

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtabhairt isteach straitéis trí bliana TFC an PRTB le linn 2011. Áiríodh leis seo tabhairt isteach bogearraí chun tiarnaí talún neamhchláraithe a shainaithint agus chun Comhaid an Cháis Chúirte a bhainistiú ina leith go leictreonach. Bhí an-rath ar an tionscadal ar leith seo, mar gheall gur shainaithin sé neamhchomhlíonadh an-suntasach riachtanais dhlíthiúla chlárailthe i measc Tiarnaí Talún a raibh Forlíonadh Cíosa á fháil ag a dtionónaí.

Rinneadh trí fhréamhshamhail agus go leor tástála ar mhórthionscadal chun an Rannóg Diospóidí a riomhairíú, lenar áiríodh tabhairt isteach iarratais Diospóide ar líne, bainistíocht leictreonach cásanna, rochtain shlán iargúlta ar chomhad cáis ag Breithneoirí etc. Cuireadh seo beo ar an líne idir an dá linn. Leagtar amach thíos na tionscadail éagsúla ag a raibh páirt inár Straitéis TFC, mar aon leis na dátaí a cuireadh beo iad.

- ▶ Aisghabháil Tubaiste agus Balla Dóiteáin Tionscalchaighdeánach is Fearr (Beo in Iúil 2010)
- ▶ Áiseanna cláraithe agus iocaíochtaí ar líne (beo i Samhain 2010)
- ▶ Cioradh uathoibritheach bunachair shonraí eile den earnáil phoiblí, e.g. bunachar sonraí Fhorlíonadh Cíosa na Roinne Coimirce Sóisialaí (beo i mBealtaine 2011)

- ▶ Bainistíocht leictreonach cásanna le haghaidh cásanna cúirte lenar bhain forfheidhmiú cláraithe (beo i mBealtaine 2011)
- ▶ Iarratais ar líne ar iarratais ar sheirbhísí Diospóidí agus Binsí (beoanois - Aibreán 2012)
- ▶ Bainistíocht leictreonach comhad/cásanna le haghaidh Diospóidí agus Binsí, lena n-áirítear rochtain pháirteach shlán iargúlta le haghaidh Breithneoirí/Idirghabháilaithe/Baill den DRC (Beo in Iúil 2012)
- ▶ Tionscadal leis an Post chun gach earra poist a "rianú agus a thraigéail" go leictreonach sa chás go dteastaíonn cruthúnas seirbhíse (beo in Iúil 2012)
- ▶ Bainistíocht leictreonach cásanna le haghaidh cásanna cúirte lenar bhain forfheidhmiú Orduithe Cinnidh (beo i Meán Fómhair 2012)

Is suntasach iad na tairbhí féideartha don PRTB agus dár gclaint i dtéarmaí éifeachtúlachtaí feabhsaithe. I dtaobh aon tionscnamh eile RíomhRialtais, braitheann seo go hiomlán ar ghlacadh a uasmhéadú agus beidh an PRTB ag díriú air sin in 2012.

## **Soláthar agus Tairiscintí a Lorgaíodh agus a Bronnadh**

## Soláthar agus Tairiscintí a Lorgaíodh agus a Bronnadh

Is í tairiscint iomaíoch an gnáthnós imeachta a úsáideann an PRTB sa phróiseas soláthair.

Bhí an aird cheart ag gach tairiscint a eisíodh ar na tairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha an tsoláthair.

Dearbhaíonn an PRTB comhlíonadh na nósanna imeachta soláthair maidir le tairiscint iomaíoch. Áirítear leis seo, cloí le treoirlínte náisiúnta agus leis na Treoracha ábhartha ón AE, ag a bhfuil fórsa an dlí sa Stát seo.

Féadfaidh aon duine ar mian leis nó léi bheith fostaithe ag an mBord mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir fógra a thabhairt don Bhord i scríbhinn agus áireofar le haon fhógra don chuspóir sin, critéir faoi chálíochtaí agus taithí an duine sin. Leanann an PRTB ceanglais um sholáthar poiblí nuair a bhíonn tairiscintí nó cuótáí á lorg. Le linn 2011, d'fhaomh an Bord nó an Stiúrthóir líon príomhsheirbhísí, faoi mar a dtugtar breac-chuntas air thíos:

- ▶ Seirbhísí Dlíthiúla - Eversheds - Nollaig 2010/2011
- ▶ Seirbhís Ateangaireachta agus Aistriúchán - Word Perfect - 2011
- ▶ Seirbhísí luathscríbhneoireachta - Gwen Malone - 2010/2011
- ▶ Sainchomhairleoirí chun Tairiscint um Sheachfhoinsíú a dhréachtadh - Achilles - Samhain 2011
- ▶ Anailísí Gnó - Samhain 2011

# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011*

**CLÁR ÁBHAR****LEATHANACH**

BAILL AN BHOIRD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE PRÍOBHÁIDEACHA .....	43
AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE .....	44
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ .....	46
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS .....	47
RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA .....	49
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS .....	51
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA .....	52
CLÁR COMHARDAITHE .....	53
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID .....	54
NÓTAÍ .....	55

## Baill an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Orla Coyne	Aturnae (Cathaoirleach)
Aidan Brennan	Státseirbhíseach, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil
Gene Feighery	Comhshaolaí
Vincent P. Martin	Abhcóide sa Dlí
Finian Matthews	Státseirbhíseach ar Scor
Dr. Eoin O'Sullivan	Léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Thomas J Reilly	Gairmí Réadmhaoine
John Tiernan	Iarbhairisteoir Contae
Conn Murray	Bainisteoir Contae
Joseph Meehan	Státseirbhíseach, an Roinn Coimirce Sóisialaí

### Comhaltaí an Bhoird a d'éisigh as i 2011

Aideen Hayden	Aturnae
---------------	---------

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### An Bord um Thiontachtaí Cónaithe Príobháideacha

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thiontachtaí Cónaithe Príobháideacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 faoi Acht na dTiontachtaí Cónaithe Príobháideacha, 2004. Áirítear i measc na ráiteas airgeadais a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Cuntas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na nótaí lena mbaineann. Dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta ag a bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn a cuireadh chun feidhme atá sa chreatlach um thuairisciú airgeadais.

#### Freagrachtaí Ball den Bhord

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntíú go léirítear iontu seasamh fior agus cóir ar staid ghnótháí an Bhoird agus ar a n-ioncam agus a gcaiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntíú.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta Iníúchta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeán Eitice an Bhoird Chleachtas Iníúchta le haghaidh Iníúchóirí a chomhlíonadh.

#### Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard a bhaineann le himiúchadh fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntíú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cús leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- ▶ cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chuínsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh chun feidhme iad agus cibé acu ar nochtáodh nó nár nochtáodh iad go cuí
- ▶ réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- ▶ cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheartaíochtaí airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa Tuarascáil Bhliantúil le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Má thugaim aon mhíráitis nó mhíréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithmiú ar a n-impleachtaí i leith mo thuarascála.

#### **Maoiniú Pinsin Iarchurtha**

Gan mo thuairim, ach tarraingim aird ar Nótá 11 (c) a leagann amach an bonn ar a aithníonn an Bord an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha pinsin.

#### **Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais**

I mo thuairim, léirítéar sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasáiochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, seasamh fior agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin.

Rinne an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha leabhair chuí chuntais a choimeád, i mo thuairim. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

#### **Ábhar ar a dtuairiscíomh trí Eisceacht**

Tuairiscíomh trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- ▶ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- ▶thug mé faoi deara le linn m'iniúchta aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead chun na gcuspóirí a beartaíodh nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- ▶níl an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais di comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ▶ní léirítéar sa Ráiteas ar Rialú Inrmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- ▶tugaim faoi deara ábhair eile ábhartha lena mbaineann an bealach inar tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



**Andrew Harkness**

Don agus thar ceann An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
An 21 Nollaig 2012

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear faoi Alt 178 den Acht um Thionóntachtáí Cónaithe, 2004, go n-ullmhaíonn an Stiúrthóir na Ráitis Airgeadais, i cibé foirme a shonróidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus i gcomhréir le prionsabail chuntasáiochta lena bhfuil glacadh ginearálta. Ní mór do na Ráitis Airgeadais bheith faofa ag an mBord.

Agus na ráitis airgeadais siúd á n-ullmhú, tá ar an Stiúrthóir agus ar an mBord an méid a leanas a dhéanamh:

- ▶ Beartais oiriúnacha chuntasáiochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- ▶ Breithiúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ A lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeán infheidhme chuntasáiochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus míniú sna ráitis airgeadais;
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura cuí a bheith ag súil leis go leanfaidh an Bord i mbun oibriú.

Tá an Stiúrthóir, faoi stiúir an Bhoird, freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntí go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 178 den Acht. Tá an Bord freagrach as a chinntí go dtugtar faoi ghnó an Bhoird ar bhealach ceart agus rialta agus as gach dá sócmhainní a chosaint atá faoina rialú oibriochta agus as bearta réasúnta a ghlacadh, dá bhrí sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

### **Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

### **Orla Coyne**

Cathaoirleach

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagrácht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Ar son bhaill an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, aithním ár bhfreagrácht as a chinntíú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gCóras ach cinntíú réasúnta, seachas iomlán, a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go n-údaraítear na hidirbheartaíochtaí agus go gcuirtear i dtaipead i gceart iad, agus go gcuirtear cosc ar aon neamhrialtachtaí nó earráid ábhartha nó go ndéanfaí iad a bhrath i dtréimhse thráthúil. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, bíonn aird ag an mBord agus ar a gCoiste Iniúchta, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha Bearta le timpeallacht chuí rialaithe a chinntíú tríd an méid a leanas:

- ▶ a chinntíú go gcomhlíonann an Bord a ndualgas Airgeadais faoin Acht;
- ▶ a chinntíú go gcuirtear sócmhainní agus dliteanais an Bhoird i gcuntas i gceart;
- ▶ freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- ▶ nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun mórtheipeanna rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhartha cuí ceartaithe a chinntíú;
- ▶ fochoistí oriúinacha an Bhoird a bhunú chun díriú níos mó ar limistéir shonracha.

Chomhaontaigh baill an Bhoird go bhfuil Stiúrthóir agus foireann an Bhoird (faoi réir tarmligean ag an Stiúrthóir) freagrácht as ábhair oibríochtaí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais laistigh den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis mhíosúil bhainistíochta, nósanna imeachta riarracháin (lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus teorainneacha údaraithe), mar aon le córas tarmligthe agus freagrachta. Áirítear leis go háirithe:

- ▶ córas cuimsitheach buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil, ar a ndéantar athbhreithniú agus lena gcomhaontaítear leis an bhFeidhmeannas agus leis an mBord;
- ▶ athbhreithniú rialta ag an bhFeidhmeannas agus an Bord ar thuarascálacha tréimhsíúla agus bliantúla airgeadais a thugann le fios feidhmíocht airgeadais i leith spriocanna;
- ▶ treoiríntse soláthair, tairisceana agus infheistíochta caipitiúla a shainítear go soiléir.

Cuireann an Coiste Iniúchta, an fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaigh, atá freagrách as an gcreatlach rialaithe airgeadais a forbairt agus a choimeád, agus tuairimí a nochtaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Lean an Bord lena n-obair chun méid agus dóchúlacht na rioscaí gnó in 2011 a dheimhniú, agus leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2012.

### Athbhreithniú Bhliantúil ar Rialú

Dearbhaím gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.

#### **Orla Coyne**

Cathaoirleach

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Is amhail a leanas na mórbheartais chuntasaíochta arna nglacadh sna ráitis airgeadais seo:

### 1. Ginearálta

Is iad feidhmeanna ginearálta an Bhoird:

- ▶ oibriú córas náisiúnta cláraithe do gach tionóntacht chónaithe phríobháideach a thagann faoi chuimsiú shainchúram an Acharta um Thionóntachtaí Príobháideacha, 2004;
- ▶ oibriú seirbhís réiteach díospóidí, agus;
- ▶ faisnéis a sholáthar, tabhairt faoi thaighde agus comhairle beartais a chur ar an Aire maidir leis an earnáil phríobháideach ar cios;
- ▶ tacáiocht riarracháin agus rúnaíochta a sholáthar do na Binsí (airítear na costais bhainteacha sna costais riarracháin).

### 2. Bonn na Cuntasaíochta

Uillmhaíodh na ráitis airgeadais faoin mbonn fabhraithe cuntasaíochta i gcomhréir leis na bpriónsabail chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta agus faoi choimhinsiún an chostais stairiúil. Is i bhfoirm atá na ráitis arna faomhadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil. Luaitear na cuntais in Euro.

### 3. Ioncam

#### Cistiú an Stáit

Léiríonn cistiú an Stáit airgead tirim a fuarthas sa bhliain ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil.

#### Táillí Cláraithe agus Díospóidí

Aithnítear táillí maidir le clárú agus díospóidí ag an bpointe a fhaightear iarratas.

#### Ioncam Eile

Léiríonn ioncam eile ús a fhabhraíonn ar nótaí státhiste atá á choimeád faoi láthair ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar aon le héarlaisí atá á gcoimeád ag institiúidí eile airgeadais, mar aon le haon chostais dlí a aisghabháltear sa bhliain.

### 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar costas lúide dímheas carntha.

Luaitear dímheas ar bhonn líne dhíreach ar rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré ionchasach úsáid, mar seo a leanas:-

Feabhsúcháin Léasachta	5%	Líne Dhíreach
Troscán agus Feistis	10%	Líne Dhíreach
Trealamh Oifige	20%	Líne Dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	20%	Líne Dhíreach
agus forbairt bogearrai.		

## 5. Airgeadra Iasachta

Aistrítear idirbheartaíochtaí a ainmnítear in airgeadra iasachta isteach in Euro ar na gnáthrátaí malartaithe ag dáta na hidirbheartaíochta. Gearrtar aon difríocht a eascraíonn ar aistriú idir na dátaí idirbheartaíochta agus na dátaí íocaíochta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 6. Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun maoiniú a chur ar fail do shócmhainní seasta.

## 7. Pinsin Foirne

Oibríonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithre Príobháideacha (PRTB) scéim pinsin sochair shainithe a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fail acu. Thug Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimhir 625 de 2011) éifeacht le Scéim Aoisliúntais an PRTB agus d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaiithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne agus láimhseáiltear iad amhail bheith iníochta leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sí inghnóthaithe agus seach-churtha nuair is gá, ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo arna dtuilleamh ag an bhfoireann go nuige seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil.

## An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010
		€	€
<b>Ioncam</b>			
Cistíú Stáit	1	0	6,477
Cistíú Pinsin Iarchurtha	11c	205,000	205,000
Táillí Cláraithe	2	9,575,244	8,363,247
Suimeanna atá dlite le hÚdaráis Áitiúla	7	(1,915,049)	(2,591,008)
Táillí Díospóide		62,660	65,755
Ioncam Eile	3	173,458	252,262
Aistriú (chuig) ón gCuntas Caipítil	8	(279,863)	(717,302)
		<b>7,821,450</b>	<b>5,584,431</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Foirne	4a	(2,919,276)	(3,363,944)
Costais Riaracháin	4b	(3,939,621)	(4,212,027)
Dímheas	5	(365,564)	(213,042)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta		0	246
		<b>(7,224,461)</b>	<b>(7,788,767)</b>
Barrachas/(Easnarmh) don bhliain	9	<b>596,989</b>	<b>(2,204,336)</b>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 le gníomhaíochtaí leanúnacha.

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Orla Coyne**

Cathaoirleach

## Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Nótaí	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010
	€	€
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	596,989	(2,204,336)
(Caillteanas)/gnóthachan ar an scéim pinsin ó thaithí		
Dliteanais	115,000	65,000
Athruithe ar thoiríhdí faoi		
luach reatha na ndliteanas scéim pinsin	—	—
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta	115,000	65,000
Coigeartú ar chistíú pinsin iarchurtha	(115,000)	(65,000)
<b>Gnóthachan/(caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain</b>	<b>596,989</b>	<b>(2,204,336)</b>

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Orla Coyne**

Cathaoirleach

## Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	An 31 Nollaig 2011	An 31 Nollaig 2010
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	5	3,020,551	2,740,688
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe	6	66,311	42,138
Airgead sa Bhanc		6,115,544	8,955,760
		<b>6,181,855</b>	<b>8,997,898</b>
<b>Creidiúnaithe</b>			
Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	7	(3,769,115)	(7,182,147)
Glansócmhainní Reatha		2,412,740	1,815,751
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha</b>			
<b>Roimh Phinsin</b>		<b>5,433,291</b>	<b>4,556,439</b>
Cistíú Pinsin Iarchurtha	11	(880,000)	(790,000)
Dliteanais scéim pinsin	11	880,000	790,000
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha</b>		<b>5,433,291</b>	<b>4,556,439</b>
<b>Arna Mhaoiniú Ag</b>			
Barrachas Carntha	9	2,412,740	1,815,751
Cuntas Caipitil	8	3,020,551	2,740,688
		<b>5,433,291</b>	<b>4,556,439</b>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Orla Coyne**

Cathaoirleach

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Nótaí	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011
	€	€
<b>Réiteach an bharrachais oibríochta go dtí</b>		
<b>glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain	9	596,989
Dímheas	5	365,564
Ús arna Thuilleamh	3	(140,868)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta		–
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	8	279,863
(Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe	6	(24,173)
Laghdú ar chreidiúnaithe	7	(3,413,032)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<b>(2,335,568)</b>
		<b>(4,705,297)</b>
<b>Ráiteas ar Shreabhadh Airgid</b>		
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(2,335,568)
		<b>(4,705,297)</b>
<b>Torthaí ar Infheistíocht agus ar Sheirbhisiú Airgeadais</b>		
Ús a Fuarthas	3	140,779
		<b>236,720</b>
<b>Glanchaiteachas Caipitiúil</b>		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta		
inláimhsithe a cheannach	8	(645,427)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	8	–
		<b>9,077</b>
<b>Laghdú ar airgead</b>		<b>(2,840,216)</b>
		<b>(5,398,675)</b>
<b>Réiteach Glansreabhadh Airgid</b>		
<b>go dtí Gluaiseacht sna Glanghistí</b>		
Glanghistí amhail an 1 Eanáir		8,955,760
		<b>14,354,435</b>
Glanghistí amhail an 31 Nollaig		6,115,544
<b>Laghdú ar airgead</b>		<b>(2,840,216)</b>
		<b>(5,398,675)</b>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Orla Coyne**

Stiúrthóir

## Nótaí

### (mar chuid de na ráitis airgeadais)

#### 1. CISTIÚ STÁIT

Oibríonn an PRTB ar bhonn féinmhaoinithe ón 1 Eanáir 2010. Cuireadh cistiu Stáit ar fáil in 2010 trí Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus b'ionann é agus €6,477 maidir le hoiliúint míchumais agus suim iarmharach ó Chuntas Bainc an Bhinse Cíosa nuair a aistríodh freagrachtaí riarracháin go dtí an PRTB.

#### 2. IONCAM Ó THÁILLÍ CLÁRAITHE

B'ionann táillí a fuarthas ó thiarnaí talún mar íocaíocht cláraithe a dtionóntachtaí agus €9,575,244 (2010 - €8,363,247).

Amhail treoir ón Aire, a rinneadh faoi Alt 176(5) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, déileáiltear le hioncam ó tháillí cláraithe a fhaigheann an PRTB ar an mbealach a leanas:

Le hÚdarás Áitiúla:

- ▶ 20% sa bhliain, arbh ionann sin agus €1,915,049

É sin a choimeádann an PRTB chun ioc as a gcostais riarracháin:

- ▶ 80% sa bhliain, arbh ionann sin agus €7,660,195

#### 3. IONCAM EILE

	An 31 Nollaig 2011	An 31 Nollaig 2010
	€	€
Ioncam úis	140,779	236,720
Costais dlí arna n-aisghabháil	32,679	15,542
	<b>173,458</b>	<b>252,262</b>

#### 4a. COSTAIS FOIRNE

	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011
	€	€
Foireann ar Iasach agus Foireann an PRTB	1,619,663	1,769,746
Foireann Ghníomhaireachta	869,429	1,118,861
Costais Phinsin	335,225	351,923
Oiliúint na Foirne agus Sealbhóirí Oifige	12,736	44,488
Costais Leasa Shóisialaigh	82,223	78,926
	<b>2,919,276</b>	<b>3,363,944</b>

#### Líonta foirne:

B'ionann an líon foirne a bhí fostaithe ag an mBord sa bhliain agus 25 (2010:25). Rinneadh 11 bhall foirne sa bhreis air sin a thabhairt ar iasach don Bhord ag an roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2010: 13), beirt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (2010: 2), duine amháin ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (2010: 1) agus duine amháin ón mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (2010:1).

#### Tobhach Pinsin:

Baineadh tobhach pinsin €39,483 agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2010: €38,974).

#### 4b. CAITEACHAS RIARACHÁIN

	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011	An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010
	€	€
Táillí Bhaill an Bhoird	113,175	97,481
Táillí Baill Bhinse	395,931	763,587
Táillí Breithneoirí agus Idirghabhálaithe	384,666	371,906
Binse Cíosa	(Nóta *)	5,943
Taisteal agus Cothabháil		32,218
Táillí Dlí agus Gairmithe		1,410,445
Táillí Iniúchta		11,614
Cuntasaíocht		95,934
Costais Luathscríbhneoireachta		87,663
Costais Chruinnithe		9,113
Soláthairtí Oifige		110,328
Postas agus Costais Dáilte		207,983
Costais Phrontála agus Aistriúchán		188,137
Costais Ghutháin		27,108
Faisnéis agus Oideachas Poiblí		15,038
Costais agus Cothabháil Ríomhairí		244,534
Costais Bhunaíochta		508,367
Seirbhísí Glantacháin		23,627
Staidéir Thaighde		43,381
Íocaíocht Dhéanach in Idirbheartaíochtaí Tráchtála		1,275
Ilghnéitheach		23,141
	<b>3,939,621</b>	<b>4,212,027</b>

Nóta\*: Áirítear leo seo táillí Bhaill na mBinsí Cíosa agus costais taistil agus chothabhála.

## 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Trealamh Ríomhaire	Feabhsúcháin Léasachta	Troscán & Feistis	Oifig Trealamh	Iomlán
	€	€	€	€	€
<b>COSTAS</b>					
Iarmhéis Tosaigh	1,450,282	1,746,933	200,925	83,833	3,481,973
Breisiúchán	642,090	-	3,337	-	645,427
Diúscairtí	-	-	-	-	-
<b>Amhail an 31 Nollaig 2011</b>	<b>2,092,372</b>	<b>1,746,933</b>	<b>204,262</b>	<b>83,833</b>	<b>4,127,400</b>
<b>DÍMHEAS</b>					
Iarmhéis Tosaigh	352,368	255,787	57,361	75,769	741,285
Muirrear don bhliain	253,153	87,347	20,329	4,735	365,564
Dímheas ar dhiúscairtí	-	-	-	-	-
<b>Amhail an 31 Nollaig 2011</b>	<b>605,521</b>	<b>343,134</b>	<b>77,690</b>	<b>80,504</b>	<b>1,106,849</b>
<b>GLANLUACH LEABHAR</b>					
<b>Amhail an 31 Nollaig 2011</b>	<b>1,486,851</b>	<b>1,403,799</b>	<b>126,572</b>	<b>3,329</b>	<b>3,020,551</b>
Amhail an 31 Nollaig 2010	1,097,914	1,491,146	143,564	8,064	2,740,688

## 6. FÉICHIÚNAITHE

Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	An 31 Nollaig 2011	An 31 Nollaig 2010
	€	€
Costais réamhíoctha	35,215	32,140
Costais Fabhráithe Dlí arna nAisghabháil	1,500	0
Ús infhaighte	13,436	3,486
Rialú Glanphá	6,988	1,124
Asbhaintí Deonacha	4,415	76
Féichiúnaithe Éagsúla	4,757	5,312
	<b>66,311</b>	<b>42,138</b>

## 7. CREIDIÚNAITHE

Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	An 31 Nollaig 2011	An 31 Nollaig 2010
	€	€
Creidiúnaithe agus Fabhrú	894,917	1,622,997
Suimeanna atá dlite le hÚdaráis Áitiúla	2,874,198	5,559,150
<b>3,769,115</b>		<b>7,182,147</b>

### Anailís ar shuimeanna atá dlite le húdaráis áitiúla:

Leagtar amach sa tábla thíos táillí a fuarthas sa bhliain ábhartha airgeadais agus na suimeanna a íocadh leis na húdaráis áirithe áitiúla chun tabhairt faoina bhfeidhmeanna faoi na Rialacháin um Chaighdeán Tithíochta agus Leabhar Cíosa;

	31 December 2011	31 December 2010
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	5,559,150	9,374,608
Táillí a leithdháltear ar údaráis áitiúla sa bhliain	1,915,049	2,591,008
Táillí a íocatar amach sa bhliain	(4,600,001)	(6,406,466)
<b>Suimeanna atá dlite le húdaráis áitiúla</b>	<b>2,874,198</b>	<b>5,559,150</b>

Beidh na suimeanna atá le híoc le húdaráis áirithe áitiúla i gcomhréir leis na critéir a shocraíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus a bheidh faoina stiúir.

## 8. CUNTAS CAIPITIL

	An 31 Nollaig 2011 €	An 31 Nollaig 2010 €
Iarmhéid Tosaigh	2,740,688	2,023,386
<b>Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		
Cistíú chun Sócmhainní a cheannach	645,427	939,175
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(365,564)	(213,042)
Scaoileadh diúscairt Sócmhainní Seasta	–	(8,831)
	279,863	717,302
<b>Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig</b>	<b>3,020,551</b>	<b>2,740,688</b>

## 9. BARRACHAS / (EASNAMH) CARNTHA

	An 31 Nollaig 2011 €	An 31 Nollaig 2010 €
Iarmhéid Tosaigh	1,815,751	4,020,087
(Easnámh) / Barrachas don bhliain	596,989	(2,204,336)
<b>Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig</b>	<b>2,412,740</b>	<b>1,815,751</b>

## 10. CÓIRÍOCHT

InDeireadh Fómhair 2007, shínigh an Bord um Thionótachtaí Cónaithe Príobháideacha comhaontú léasachta 20 bliain maidir lena n-áitreabh ag Teach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Cuimsítear sa léas clásal scoir ag deireadh bhliain 5. B'ionann an ceangaltais bliantúil faoin léas seo ag tráth dheireadh na bliana agus €264,424

## 11. AOISLIÚNTAS

### a) Anailís ar chostais iomlána phinsin arna ngearradh ar Chaiteachas

	An 31 Nollaig 2011 €	An 31 Nollaig 2010 €
Costas reatha seirbhíse	160,000	170,000
Ús ar dhliteanais scéim pinsin	45,000	35,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(33,921)	(31,476)
	171,079	173,524
Aoisliúntas (foireann Roinne)	164,146	178,399
<b>Aoisliúntas (foireann Roinne)</b>	<b>335,225</b>	<b>351,923</b>

**b) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais**

	An 31 Nollaig 2011 €	An 31 Nollaig 2010 €
Glandliteanas pisnsin amhail an 1 Eanáir	(790,000)	(650,000)
Costas reatha seirbhíse	(160,000)	(170,000)
Costas seirbhíse roimhe seo	—	—
Costais úis	(45,000)	(35,000)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	115,000	65,000
Dímheas ag deireadh na bliana	(880,000)	(790,000)

**c) Cistíú Iarchurtha le haghaidh Pinsean**

D'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an PRTB le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an PRTB suimeanna atá ag an PRTB ar an Stát do dhliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean a eascraíonn ón scéim fhaofa aoisliúntais seo ar bhonn na straite toimhdí a shonraítear in (e) mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. I measc na n-imeachtaí seo tá an bonn reachtúil le bunú na scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-airítear ranníocaíochtaí ag fostaithe, agus más gá, an próiseas bliantúil meastachán.

B'ionann a leanas an Glanghistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2011 €	2010 €
Cistíú inghnóthaithe maidir le pinsean na bliana reatha	205,000	205,000
Deontas Stáit a úsáideadh chun pinsin a íoc	—	—
	<b>205,000</b>	<b>205,000</b>

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2011 agus €880,000 (2010: €790,000).

**d) Stair na ndualgas sochair shainithe**

	2011 €	2010 €
Dualgais Sochair Shainithe	880,000	790,000
Gnóthachain ó thaithí ar Shuim na nDliteanas Scéime	115,000	65,000
Céatadán na nDliteanas Scéime	13%	8%

Is ionann an caillteanas carnach achtúireach aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus €191,000 (2010: €306,000).

### e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Amhail an 31 Nollaig 2011, d'fhostaigh an PRTB 40 ball fairne (2010: 42), agus ba státseirbhísigh 11 díobh ar iasacht ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bhí beirt ar iasacht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bhí duine amháin ar iasacht ón bPríomh-Oifig Staidrimh, bhí duine amháin ar iasacht ón mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil agus ba 25 díobh baill fairne an PRTB.

Cuimsítear Státseirbhísigh ar iasacht ag socruithe pinsin Seirbhise Sibhialta. Scéimeanna sochair shainithe iad Scéimeanna Aoisliúntais Seirbhise Sibhialta nach gcistítear agus a dhéanann an Roinn Airgeadais a riad. Nil aon táille i gceist sna ráitis airgeadais as aon dliteanas bhreise aoisliúntais a d'fhéadfadh eascairt maidir leis an bhfoireann seo.

Beidh Scéim aoisliúntais sochair shainithe, arna faomhadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, le toilliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Áthchóirithe, ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2011 i bhfeidhm i measc fhoireann an PRTB. Maoiútear sochair ar bhonn "íoc mar a úsáidtear". Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na fairne na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim shamhlach aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtadh FRS 17 ar luacháil ata go hiomlán achtaíreach faoinar thug achtaíre cálithe neamhspleách chun ceanglais FRS 17 a chur san áireamh d'fhoinn measúnú a dhéanamh ar dhliteanas scéime amhail an 31 Nollaig 2011.

Ba iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanas scéime a ríomh:

	An 31 Nollaig 2011	An 31 Nollaig 2010
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Toimhde um méadú tuarastail	4.0%	4.0%
Toimhde um méadú pinsin	4.0%	4.0%
Boilsciú praghais	2.0%	2.0%

### 12. ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA IN IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA

Tá an Bord ar an airdeall ar a gcuid freagrachtaí faoi na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbheartaíochtaí Tráchtála, 2002, agus bhunaigh siad nósanna imeachta agus próisis chuí lena chinntiú go ndéantar gach íocaíocht i gcomhréir leis na Rialacháin. Is ionann dliteanas an Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, tar éis a ríofa, agus €1,275 (2010: €2,355).

### 13. DLITEANAS THEAGMHASACHA

Bhí ag an mBord 1,051 cás réiteach díospóide ag fanacht lena n-éisteacht amhail an 31 Nollaig 2011. De bharr gurb athraitheach go mó� costas an phróisis réiteach díospóide ó chás go cás, ní áirítéar aon soláthar do na cásanna seo gan réiteach a cláraíodh roimh an 31 Nollaig 2011 sna Ráitis Airgeadais. Sa mhullach air sin, tá thart ar 55 cás ag céimeanna éagsúla d'imeachtaí forfheidhmithe trí na cúirteanna, agus ní fios go fóill cé mhéid a chosnóidh siad agus ní ann d'aon soláthar dóibh sna Ráitis Airgeadais.

### 14. LEAS BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Níorbh ann d'aon idirbheartaíochtaí sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird inar bhain Baill an Bhoird aon leas tairbhiúil.

### 15. LUACH SAOTHAIR NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS BHAILL AN BHOIRD

#### Luach Saothair an Stiúrthóra

Tuarastal an Stiúrthóra	€92,352
-------------------------	---------

Tá an Stiúrthoir fostaithe faoi shocrú iasachta ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a íocann a tuarastal. Íocadh na suimeanna thusa leis an Roinn mar aisíocaíocht tuarastail. Ní bhfuair an Stiúrthoir aon bhónais nó sochar tairbhe in 2011. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear sa scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe den earnáil phoiblí.

<b>Ball an Bhoird</b>	<b>Táillí</b>
	€
Orla Coyne, Cathaoirleach	23,379
Gene Feighery	13,530
Aideen Hayden	5,568
Vincent P Martin	12,140
Finian Matthews	13,488
Dr. Eoin O'Sullivan	196
Thomas J Reilly	17,056
John Tiernan	17,168
<b>Iomlán</b>	<b>102,525</b>

Tagraíonn na figiúirí thusa do na híocaíochtaí féin a rinneadh le Baill an Bhoird le linn 2011. Mar thoradh ar a gcineál, baineann roinnt de na híocaíochtaí seo le cruinnithe ar ar freastalaíodh in 2010. Ríomhtar an figiúr a áirítear le 4b le haghaidh Táillí Bhaill an Bhoird ar bhonn fabhraithe do gach cruinniú ar ar freastalaíodh i rith 2011, gan aird ar cathain a rinneadh na híocaíochtaí.

Anuas air sin, níor íocadh táillí le Baill an Bhoird atá ina seirbhísigh lánamseartha phoiblí chomh maith.

Ina theannta sin, rinneadh €17,024 de chostais taistil agus chothabhála a aisíoc le baill an bhoird as ucht freastail ar chruinnithe agus ar Bhinsí. Íocadh iad seo i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

## 16. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 28 Márta 2012.

## Aguisíní

## AGUISÍN 1

## Próiseas Réiteach Díospóide



**AGUISÍN 2****2011 Painéal Moltóirí agus Idirghabhálaithe  
PRTB**

<b>Moltóirí</b>	<b>Moltóirí</b>	<b>Idirghabhálaithe</b>
Seamus Bane	James Howley	Anne Carroll
Kevin Baneham	John Hyland	Peter Cunningham
Joe Behan	Padraig Ingoldsby	Martin Durack
Bridget Birmingham	Phil Kealy	Barney Kiernan
Ronan Browne	Nesta Kelly	John McArdle
James Burke	Richard Kennedy	Brenda Moran
Patrick Burke	Darren Lehane	Derek Nolan
John Callaghan	Thomas Mannix	Brigette O'Brien
Emmett Carty	Joseph May	Audrey O'Carroll
Charles Corcoran	Michael McNamara	Helena O'Gorman
Michael Coughlan	Francis Meenan	Yvette O'Malley
James Coyne	Claire Millrine	Hilary Sweetman
Gus Cummins	Mary H. Morris	
Jim Dennison	Michael Munnely	
Ian Dermody	Joseph Murray	
William B. Devine	Liam Nolan	
Arran Dowling Hussey	Patricia O'Connor	
David Duncan	Maurice O'Donoghue	
Shaun Elder	Niamh O'Leary	
John C. Elliott	Martin O'Malley	
Michael Farry	Paul O'Reilly	
Geraldine Feeney	Tom Rigney	
Pat Finn	Patrick Rowan	
Anthony Flynn	John Shaw	
Corona Grennan	Nuala Skeffington	
Frank Guinane	Patricia Stafford	
Con Guiney	Breeda Tuite	
Tom Hardy	Robert Walsh	
Maureen Harewood	Joseph Whelan	
Eoin Dillon		
Keara Donnelly		
Thomas Woodbyrne		
Mary Henry Feehily		
Bill Holohan		

**AGUISÍN 3****PRTB Cairt Eagraíochta**

<p style="text-align: center;"><b>Anne Marie Caulfield</b> Stiúrthóir</p>		
<b>Próiseáil Clárúcháin agus Innéacs Cíosa</b>	<b>Fordheidhmiú Orduithe Cinntiúcháin agus Clárúchán</b>	<b>Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna/Airgeadas/TFC</b>
<b>Carmel Diskin</b> Stiúrthóir Cúnta	<b>Kathryn Ward</b> Stiúrthóir Cúnta	<b>Padraig McGoldrick</b> Stiúrthóir Cúnta
<b>Deirdre Adamson</b> (HEO)	<b>Rosaleen Keane</b> (HEO)	<b>Seirbhísí Corparáideacha/AD</b>
<b>Treas Woods</b> (EO)	<b>Catriona Gilheany</b> (HEO)*	<b>Airgeadas/Párolla</b>
<b>Bart Counihan</b> (SO)	<b>Paul Staunton</b> E.O.	<b>TFC</b>
<b>Raphael Keegan</b> (CO)	<b>Gillian MacGann</b> E.O.	<b>Annmarie Quinn</b> (HEO)
<b>Linda Creighton</b> (CO)		<b>Pat Healy</b> (HEO)
<b>Alan O'Brien</b> (CO)		<b>Brinsley Sheridan</b> (HEO)
		<b>Mairead Delamere</b> (EO)
		<b>Ann Morris</b> (EO)
		<b>Michail Panteris</b> (CO)
		<b>David White</b> (EO)
		<b>Sonia Darwish</b> (EO)

Ar mhaithle cúnamh a thabhairt i bhForfheidhmiú Orduithe Cinntiúcháin agus tiarnaí talún Neamhchomhliontacha, bhí lion Feidhmeannaigh clí/Aturnaetha ó Eversheds ag oibriú ar an suiomh sa PRTB.

Amhail an 30 Samhain 2012

HEO *Ardoifigeach Feidhmiúcháin*  
EO *Oifigeach Feidhmiúcháin*

SO *Oifigeach Foirne*  
CO *Oifigeach Cléireachais*

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

### SEIRBHÍS RÉITITHE DÍOSPÓIDE

**Janette Fogarty**

Stiúrthóir Cúnta

#### BINSÍ

**Michael Fahey**  
(HEO)\*

**Geraldine Norton**  
(EO)

**Adrian McGrath**  
(CO)

**Ciara Cronin**  
(CO)

#### DÍOSPÓIDÍ

**Joanne Moore**  
(HEO)

**Iwona Piech**  
(HEO)

**Pat McDonnell**  
(EO)

**Ronan Conlan**  
(EO)

**Robert Allen**  
(EO)

**Ruth Cullen**  
(EO)

**Carolyn O'Brien**  
(EO)

**Gloria Gallagher**  
(EO)

**Tom Coghlan**  
(CO)

**Claire Duggin**  
(CO)

**Ade Lawal**  
(CO)

D'fhostaigh an PRTB 30 ball foirne sealadach, ar an meán roimhe seo ó ghníomhaireachtaí fostáiochta Adecco agus La Crème.

\* Tar éis teacht isteach i measc fhoireann an PRTB in 2012

Amhail an 30 Samhain 2012

HEO *Ardoifigeach Feidhmiúcháin*

EO *Oifigeach Feidhmiúcháin*

SO *Oifigeach Foirne*

CO *Oifigeach Cléireachais*



**AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE PRÍOBHÁIDEACHA**  
**PO Box 11884, Baile Átha Cliath 2**

**Teil: +353-1-635 0600**      **Facs: +353-1-635 0601**  
**Ríomhphost: [prt@prt.ie](mailto:prt@prt.ie)**      **Gréasáin: [www.prt.ie](http://www.prt.ie)**